Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020
(OR. en)

13709/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0345(COD)**

ECODEX 2
EJUSTICE 103
JUSTCIV 147
JAI 1070
COPEN 368
DROIPEN 117
IXIM 132
DATAPROTECT 146

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 712 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 712 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 712 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.12.2020
COM(2020) 712 final

2020/0345 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2020) 408 final} - {SWD(2020) 541 final} - {SWD(2020) 542 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú le haghaidh saoránach agus gnólachtaí agus an comhar breithiúnach idir na Ballstáit a éascú, tá siad i measc phríomhchuspóirí Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais an Aontais atá cumhdaithe sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[1].

Le deich mbliana anuas, rinne an tAontas iarrachtaí suntasacha imeachtaí breithiúnacha trasteorann a chomhordú agus a chomhchuibhiú d'fhonn an comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla a dhéanamh níos dlúithe. Glacadh roinnt mhaith gníomhartha de chuid an Aontais chun an comhordú a éascú idir rialacha náisiúnta maidir le (i) dlínse idirnáisiúnta, (ii) gníomhartha agus orduithe breithiúnacha a aithint agus a fhorghníomhú, (iii) doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil ar bhonn trasteorann agus (iv) fianaise a ghlacadh. Glacadh roinnt mhaith gníomhartha de chuid an Aontais freisin chun nósanna imeachta breithiúnacha a bhunú ar leibhéal an Aontais, mar shampla an t-ordú íocaíochta Eorpach[2], an nós imeachta Eorpach um éilimh bheaga[3], an t-ordú Eorpach um chaomhnú cuntas[4], etc. Tosaíocht de chuid an Aontais is ea cur chun feidhme éifeachtach na mbeart sin. Sa chomhthéacs seo, tá forbairtí san r-Cheartas ríthábhachtach le go mbeadh rath ar imeachtaí breithiúnacha trasteorann, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar fheidhmiú chórais bhreithiúnacha na mBallstát agus cuidiú le nósanna imeachta a chuíchóiriú, costais a laghdú agus inrochtaineacht a mhéadú.

Tá uirlisí teicneolaíochta faisnéise ríthábhachtach chun modhanna éifeachtacha cumarsáide a áirithiú idir páirtithe agus cúirteanna, agus idir údaráis i mBallstáit éagsúla chomh maith. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún iarrachtaí leanúnacha feabhas a chur ar rochtain ar líne ar fhaisnéis nós imeachta agus rinne sé úsáid foirmeacha dinimiciúla a chuirtear ar fáil tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas a chur chun cinn.

Seoladh e-CODEX (Tionscadal r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne) faoi phlean gníomhaíochta ilbhliantúil r-Cheartais 2009-2013, go príomha chun digitiú na n-imeachtaí breithiúnacha trasteorann a chur chun cinn agus chun an chumarsáid idir údaráis bhreithiúnacha na mBallstát a éascú.

Éascaíonn e-CODEX cumarsáid shlán in imeachtaí sibhialta agus coiriúla le réiteach saincheaptha maidir le malartú trasteorann teachtaireachtaí leictreonacha i réimse an chomhair bhreithiúnaigh. Sa chóras e-CODEX tá pacáiste de tháirgí bogearraí is féidir a úsáid chun pointe rochtana a chur ar bun le haghaidh cumarsáid shlán. Le pointe rochtana ina n-úsáidtear e-CODEX is féidir cumarsáid a dhéanamh le pointí rochtana eile ar an idirlíon[5] trí shraith prótacal coiteann, gan aon lárchóras a bheith i gceist. Is féidir gach pointe rochtana a nascadh, mar shampla, le córas bainistithe cásanna náisiúnta chun ligean dó doiciméid a mhalartú go slán le córais eile den chineál céanna. Maidir le malartú doiciméad i nósanna imeachta sonracha, leis an gcóras e-CODEX cuirtear foirmeacha

---

[1] TEIDEAL V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta (IO L 399, 30.12.2006, lch. 1).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga (IO L 199, 31.7.2007, lch. 1).

[4] Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear nós imeachta d'Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú (IO L 189, 27.6.2014, lch. 59).

[5] Go teicniúil, is féidir líonra TESTA-NG a úsáid in ionad an idirlín; ní gá é sin a dhéanamh, áfach.

digiteacha caighdeánaithe ar fáil (níl siad nasctha leis an ábhar atá le tarchur ach is féidir an chumarsáid a dhéanamh dá mbarr) lenar féidir faisnéis a mhalartú idir córais náisiúnta[6].

D'fhorbair 21 Bhallstát[7], le rannpháirtíocht tríú tíortha/críoch agus eagraíochtaí eile, e-CODEX[8] idir 2010 agus 2016. Thart ar EUR 24 mhilliún a bhí i gcostas iomlán fhorbairt an chórais, ar mhaoinigh an tAontas 50 % de i bhfoirm deontas[9] agus ar mhaoinigh na Ballstáit rannpháirteacha 50 % de.

Faoi láthair tá an córas e-CODEX á bhainistiú ag cuibhreannas Ballstát agus eagraíochtaí eile, le maoiniú ó dheontas de chuid an Aontais. Idir deireadh an chuibhreannais atá ann faoi láthair agus táthcheangal an chórais ag gníomhaireacht de chuid an Aontais, beidh ar eintiteas eile inbhuanaitheacht an chórais a ráthú.

Faoi láthair éascaíonn e-CODEX cumarsáid leictreonach idir saoránaigh agus cúirteanna, agus idir riaracháin na mBallstát i roinnt imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann. Go dtí seo, ghlac 10 mBallstát páirt i scéimeanna píolótacha le haghaidh úsáid e-CODEX i nósanna imeachta dlíthiúla éagsúla[10].

Sa tairseach Eorpach don r-Cheartas[11] úsáidfear e-CODEX chun é a chur ar a gcumas do shaoránaigh iarratais ar orduithe íocaíochta Eorpacha[12] agus ar éilimh bheaga[13] a shíniú agus a sheoladh go leictreonach chuig na cúirteanna inniúla sna Ballstáit. Ina theannta sin, in 2018 mhol an Coimisiún reachtaíocht chun foráil a dhéanamh do chainéal digiteach sainordaitheach a d'fhéadfaí a úsáid chun doiciméid a sheirbheáil agus chun fianaise a ghlacadh[14], trí bhíthin córas díláraithe TF a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar réiteach idir-inoibritheach, e-CODEX mar shampla, mar mhodh tarchurtha dhigitigh. Glacadh an dá Rialachán seo an 25 Samhain 2020.

Agus é ag cur le tacaíocht na mBallstát agus leis an taithí atá acu ar an gcóras a úsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla éagsúla, tá de phoitéinseal ag e-CODEX a bheith ina phríomhréiteach digiteach le haghaidh tarchur slán sonraí leictreonacha in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann san Aontas. Ina mheastóireacht ar an deontas tionscadail le haghaidh e-CODEX, chinn an Coimisiún gur sholáthair an scéim phíolótach r-Cheartais na príomhbhloic tógála chun

---

[6] Chun cumarsáid shlán idir-inoibritheach a éascú, cuireadh trí phríomhbhloc tógála ar aghaidh i dtionscadal tosaigh e-CODEX: seachadadh déthreoch teachtaireachtaí (r-Sheachadadh SCE feasta); cruthú agus rianú teachtaireachtaí ('Nascóir' e-CODEX); agus caighdeáin/teimpléid le haghaidh foirmeacha digiteacha (Scéimrí XML e-CODEX).

[7] An Bheilg, an Chróit, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an Rómáin, an tSeicia, an Spáinn agus an Ungáir.

[8] Geirsí, an Iorua, an Tuirc, Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa agus Comhairle Nótairí an Aontais Eorpaigh.

[9] Ó chlár Tacaíochta Beartais Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (DG CONNECT) agus deontas gníomhaíochta an Chreatchláir um Iomaíochas agus Nuálaíocht tríd an gclár um Cheartas (DG JUST).

[10] Sa mheasúnú tionchair áirítear liosta de na nósanna imeachta trasteorann ar úsáideadh e-CODEX ina leith i scéimeanna píolótacha.

[11] https://e-justice.europa.eu/home.do

[12] I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena mbunaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta (IO L 399, 30.12.2006, lch. 1).

[13] I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga (IO L 199, 31.7.2007, lch. 1).

[14] Togra le haghaidh Rialachán lena leasófar Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil) (COM/2018/379 final). Togra le haghaidh Rialachán lena leasófar Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (COM/2018/378 final).

malartuithe slána iontaofa a bhaint amach sa chomhar breithiúnach[15]. Thairis sin, ina Theachtaireacht dar teideal 'Digitalisation of justice in the European Union – A toolbox of opportunities (An ceartas a dhigitiú san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí um dheiseanna)'[16], a glacadh in éineacht leis an togra seo, measann an Coimisiún gurb é e-CODEX an phríomhuirlis agus an caighdeán óir chun líonra cumarsáide idir-inoibritheach slán díláraithe a bhunú idir córais TF náisiúnta in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann.

Is príomhthosaíocht de chuid an Aontais iad inbhuanaitheacht fhadtéarmach, úsáid mhéadaithe agus bainistiú oibríochtúil e-CODEX. D'fhéadfaí e-CODEX a úsáid chun comhar breithiúnach níos éifeachtúla a chumasú idir údaráis bhreithiúnacha in ábhair choiriúla, agus dlús á chur dá réir leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta trasteorann, na sceimhlitheoireachta agus na cibearchoireachta. Cumhdaítear leis sin nósanna imeachta maidir le haitheantas frithpháirteach faoi ionstraimí éagsúla[17] agus nósanna imeachta eile maidir le comhar breithiúnach cosúil leo siúd faoin gCoinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir na Ballstáit den Aontas Eorpach, ar cuireadh an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach in áit na bhforálacha comhfhreagracha dá chuid[18].

D'fhéadfaí maoiniú sealadach chun an córas e-CODEX a rith a aimsiú ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), ón gclár um Cheartas nó óna gcomharbaí faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Cuibhreannas na mBallstát agus na n-eagraíochtaí eile[19] a áirithíonn forbairt TF agus cothabháil bhogearraí e-CODEX faoi láthair, áfach, ní dhéanfaidh sé foráil maidir le bainistiú oibríochtúil fadtéarmach an chórais. Ní réiteach inbhuanaithe é deontais ghníomhaíochta shealadacha a úsáid chun an córas a bhainistiú, ná ní réiteach é lena bhféadfaí ligean do e-CODEX a bheith ina chóras réamhshocraithe le haghaidh imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann amach anseo. An 13 Deireadh Fómhair 2020 den uair is déanaí[20], d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún togra reachtach a chur i láthair chun inbhuanaitheacht e-CODEX a áirithiú le struchtúr leordhóthanach rialachais agus bainistithe a bheidh i gcomhréir le eu-LISA agus lena n-urramófar neamhspleáchas na mbreithiúna agus ceanglais bhunreachtúla na mBallstát agus lena n-áiritheofar

---

15 Meastóireacht ag an gCoimisiún (triúr saineolaithe seachtracha) in 2016 ar an Tionscadal r-Cheartais tríd an tionscadal um Malartú Sonraí Ar Líne (e-CODEX) arna chur isteach sa Chlár Tacaíochta Beartais Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide laistigh den Chreatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht (CIP), comhaontú deontais Uimh. 270968.

16 COM(2020) 710.

17 Ghlac an tAontas roinnt ionstraimí reachtacha mar a leanas i gcomhréir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh: Barrántas Gabhála Eorpach – FD 2002/584 (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1); Orduithe reo le haghaidh maoine nó fianaise – FD 2003/577 (IO L 196, 2.8.2003, lch. 45); Pionóis Airgeadais – FD 2005/214 (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16); Orduithe coigistíochta – FD 2006/783 (IO L 328, 24.11.2006, lch. 59); Aistriú príosúnach agus pianbhreitheanna coimeádta — FD 2008/909 (IO L 327, 5.12.2008, lch. 27); Cinntí promhaidh agus smachtbhannaí malartacha – FD 2008/947 (IO L 337, 16.12.2008, lch. 102); Ordú maoirseachta Eorpach i nósanna imeachta réamhthrialacha – FD 2009/829 (IO L 294, 11.11.2009, lch. 20); Cosc ar easaontachtaí dlínse agus a réiteach – FD 2009/948 (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42); Ordú imscrúdaithe Eorpach – Treoir 2014/41/AE (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1); Ordú Cosanta Eorpach – Treoir 2011/99/AE (IO L 338, 21.12.2011, lch. 2). Ina theannta sin, in 2016, ghlac an Coimisiún Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach d'orduithe reo agus coigistíochta (COM/2016/0819 final) agus, in 2018, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fianaise leictreonach in ábhair choiriúla (COM/2018/225 final).

18 Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130 an 1 Bealtaine 2014, lch. 1).

19 An Ghearmáin (Nordrhein-Westfalen), an Fhrainc, an Ísiltír, an Ostair, Fondúireacht Eorpach na mBáillí, Fondúireacht Eorpach na nDlíodóirí agus Ollscoil Aristotle, Thessaloniki.

20 Conclúidí ón gComhairle 'Rochtain ar an gCeartas – na deiseanna a ghabhann leis an digiteáil a thapú' (IO C 342 I, 14.10.2020, lch. 1).

ag an am céanna ionadaíocht leordhóthanach d'údaráis bhreithiúnacha an Aontais agus na mBallstát, agus do na príomh-gheallsealbhóirí chomh maith. Chun foráil a dhéanamh maidir le bainistiú oibríochtúil inbhuanaithe fadtéarmach an chórais e-CODEX, is é is aidhm don togra seo réiteach rialachais cobhsaí a bhunú le haghaidh an chórais, le próiseas cinnteoireachta trédhearcach lena n-áiritheofar rannpháirtíocht na mBallstát agus geallsealbhóirí ábhartha eile.

Thairis sin, ní mór an córas e-CODEX a bhainistiú ar bhealach nach gcaithfidh amhras ar neamhspleáchas na mbreithiúna náisiúnta. Is féidir é sin a bhaint amach trí shamhail rialachais a sholáthar lena n-áiritheofar ionadaíocht leordhóthanach bhreithiúna na mBallstát agus leithdháileadh buiséid ar leithligh ar an eintiteas a bheidh ag bainistiú an chórais.

Léiríodh sa mheasúnú tionchair gurb é an réiteach is fearr chun todhchaí chobhsaí a áirithiú le haghaidh chóras e-CODEX é a aistriú chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, ar a dtugtar eu-LISA, agus sainordú a thabhairt don Ghníomhaireacht foráil a dhéanamh maidir le bainistiú oibríochtúil an chórais. Le rialachas níos cobhsaí le haghaidh an chórais e-CODEX, beidh sé indéanta é a bhunú mar chóras réamhshocraithe chun teachtaireachtaí leictreonacha a mhalartú le haghaidh comhar breithiúnach ar leibhéal an Aontais.

Ní rachadh eu-LISA i gceannas ar an gcóras e-CODEX roimh mhí Iúil 2023. Ní féidir an t-aistriú a dhéanamh níos luaithe ná sin mar gheall ar na cúraimí móra a cuireadh ar eu-LISA, is é sin roinnt córas faisnéise láraithe mórscála de chuid an Aontais a fhorbairt agus a bhainistiú amach anseo, córais atá ann ar mhaithe le bainistiú slándála, teorainneacha agus imirce, i.e. an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN). Ina theannta sin, tá an Ghníomhaireacht i gceannas ar Chóras Faisnéise Schengen (CFS) agus an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) a nuachóiriú freisin. Thairis sin, i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE[21], cuireadh an cúram ar eu-LISA idir-inoibritheacht theicniúil a áirithiú idir na córais sin.

Gné lárnach den togra seo is ea an t-am a rachaidh eu-LISA i gceann an chórais e-CODEX lena ráthú gur féidir buanbhainistiú e-CODEX a áirithiú go héifeachtach. Ní bheadh sé indéanta dul i gceann an chórais níos luaithe ná mí Iúil 2023.

Toisc gurb é an ghníomhaireacht atá freagrach as bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX, bheadh ar eu-LISA foráil a dhéanamh maidir leis an bhfoireann agus an timpeallacht theicniúil atá ag teastáil le haghaidh na gcúramaí sin. Faoin 31 Nollaig 2022, bheadh ar an eintiteas atá ag bainistiú an chórais doiciméad aistrithe a chur faoi bhráid eu-LISA ina mbeadh na socruithe le haghaidh aistriú an chórais e-CODEX sonraithe (lena n-áirítear na critéir maidir le próiseas aistrithe agus cur i gcrích rathúil, mar a chomhaontaigh an Coimisiún). Beidh air doiciméadacht ghaolmhar a chur isteach freisin, lena n-áirítear forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla agus maidir leis na táirgí bogearraí atá le haistriú.

Le linn na hidirthréimhse sé mhí sula n-aistreofar an córas e-CODEX chuig eu-LISA, bheadh próiseas aistrithe ann idir an t-eintiteas atá ag bainistiú an chórais – cuibhreannas de na Ballstáit agus eagraíochtaí gairmiúla dlíthiúla a bhfuil maoiniú acu ón Aontas – agus eu-LISA. Áireofar leis

21 Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí (IO L 138, 22.5.2019, lch. 27) agus Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

sin leagan cobhsaí den chóras e-CODEX a aistriú, lena n-áirítear fios gnó ábhartha, bogearraí agus doiciméid ghaolmhara agus teimpléid dhigiteacha. Áirítear Nascóir DOMIBUS agus bogearraí tacaíochta ar na bogearraí atá le haistriú, fad a leanfaidh an Coimisiún de bhogearraí Thairseach DOMIBUS, ar chuid de e-CODEX iad, a bhainistiú. Leanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas de bheith freagrach as an gcóras e-CODEX a bhainistiú, agus obair chothabhála cheartaitheach amháin á déanamh aige. Ba cheart dó tacaíocht a thabhairt do eu-LISA freisin maidir leis an timpeallacht theicniúil is gá a chur ar bun chun bainistiú cuí an chórais e-CODEX a áirithiú.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an bpróiseas aistrithe/táthcheangail chun a áirithiú go ndéanfaidh an t-eintiteas a bheidh ag bainistiú an chórais na nósanna imeachta a leanúint mar is ceart, bunaithe ar na critéir a shonrófar sa doiciméad táthcheangail arna chur isteach ag an eintiteas. Ní ghlacfaidh eu-LISA an fhreagracht air féin as an gcóras e-CODEX ach amháin ar choinníoll gur dhearbhaigh an Coimisiún gur cuireadh an próiseas aistrithe/táthcheangail i gcrích go rathúil.

Nuair a ghlacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras, an 1 Iúil 2023 ar a luaithe, beidh air a áirithiú, ar bhonn na gceanglas teicniúil agus na gceanglas ar leibhéal na seirbhíse a leagtar amach i ngníomhartha cur chun feidhme, go leanfaidh na bogearraí a bheidh ann ag an am sin de bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht theicniúil a bheidh ag athrú agus go gcuirfear in oiriúint iad do riachtanais athraitheacha na n-úsáideoirí. Thairis sin, beidh ar eu-LISA na teimpléid dhigiteacha a choinneáil ar bun nó a nuashonrú le haghaidh na nósanna imeachta éagsúla ina n-úsáidfear e-CODEX chun freagairt d'athruithe dlíthiúla nó eagraíochtúla agus chun cinn nua a chruthú le haghaidh na n-ionstraimí sin laistigh de raon feidhme an rialacháin lena dtabharfar eu-LISA isteach. Áiritheoidh an Coimisiún ansin go leagfar síos na teimpléid sin i ngníomh cur chun feidhme lena suífear sonraíochtaí mionsonraithe maidir le húsáid e-CODEX i gcás na nósanna imeachta sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá géarghá lena thuilleadh a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun a áirithiú go mbainfidh córais cheartais lántairbhe as teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh na cumarsáide idir na húdaráis le saoránaigh agus gnólachtaí. Tá obair shuntasach ag teastáil go fóill i roinnt réimsí, mar shampla sna cinn seo a leanas: bealaí sábháilte tarchuir leictreonaigh a fhorbairt laistigh d'údaráis bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile, dlíodóirí agus na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus eatarthu; bunachair sonraí agus cláir náisiúnta a dhigitiú agus a idirnascadh a thuilleadh; seirbhísí breithiúnacha a sholáthraítear don phobal a dhigitiú; an comhar breithiúnach agus úsáid na teicneolaíochta cianchumarsáide atá slán agus ar ardchaighdeáin a dhigitiú.

Tá baint ag gné thábhachtach amháin de thionscnaimh bheartais r-Cheartais le h**uirlisí idir-inoibritheacha a chur ar bun le haghaidh cumarsáide idir córais TF** na n-údarás breithiúnach sna Ballstáit. Is é **e-CODEX** an phríomhuirlis chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin a forbraíodh go dtí seo.

Tar éis ardán TF a fhorbairt le haghaidh an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (an córas r-Fhianaise um malartú digiteach), a bhaineann úsáid as e-CODEX mar bhonneagar cumarsáide, agus tar éis deireadh a chur le déanaí leis an gcaibidlíocht faoi Rialacháin maidir le Doiciméid a Sheirbheáil agus Fianaise a Ghlacadh, tá **méadú ag teacht ar an ngá le bainistiú inbhuanaithe an chórais e-CODEX a áirithiú.**

Leanann an togra seo an iarraidh a rinne an Chomhairle sna conclúidí dá cuid ó mhí an Mheithimh 2016 maidir le feabhas a chur ar an gceartas coiriúil sa chibearspás, iarraidh inar iarr sí ar an gCoimisiún ardán a fhorbairt le cainéal cumarsáide slán chun iarrataí ar fhianaise leictreonach agus freagraí leictreonacha idir údaráis inniúla a mhalartú go digiteach. Tar éis roghanna éagsúla a

mheas, tháinig saineolaithe ó na Ballstáit atá rannpháirteach i bhforbairt an ardáin ar an gconclúid gurbh é e-CODEX an córas is oiriúnaí le haghaidh malartú fianaise leictreonaí den chineál seo. Leis an togra seo sholáthrófaí réiteach fadtéarmach maidir le bainistiú oibríochtúil e-CODEX agus d'áiritheofaí dá réir go gcoinneofaí ar bun an réiteach a roghnaíodh le haghaidh an ardáin malartaithe.

Déantar sainordú eu-LISA a leathnú leis an togra chun e-CODEX a chumhdach i measc a chuid inniúlachtaí. Le go ndéanfaidh eu-LISA e-CODEX a bhainistiú laistigh den sainordú sin, áirítear leasuithe ar an Rialachán lena mbunaítear eu-LISA sa togra seo freisin[22].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an córas e-CODEX ar cheann de na príomh-chomhpháirteanna de bheartas r-Cheartais an Choimisiúin chun feabhas a chur ar rochtain ar cheartas agus ar éifeachtúlacht an cheartais sna Ballstáit agus áirítear é i bplean gníomhaíochta Eorpach r-Cheartais 2019-2023[23]. Tá sé deimhnithe freisin mar phríomhuirlis na cumarsáide digití sláine in imeachtaí breithiúnacha trasteorann sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Digitalisation of justice in the European Union – A toolbox of opportunities (An ceartas a dhigitiú san Aontas Eorpach – Bosca uirlisí um dheiseanna)'. I gcomhthéacs margadh aonair digiteach arb é is aidhm dó bonneagair agus seirbhísí ardluais slána iontaofa a sholáthar, ba chuid de phlean gníomhaíochta r-Rialtais 2016 iad réitigh chun an r-Cheartas a chur chun cinn[24]. Ionad ilfhreastail le haghaidh faisnéis bhreithiúnach san Aontas is ea an tairseach don r-Cheartas d'fhaisnéis agus tugann sí an deis do shaoránaigh éilimh bheaga agus iarratais ar orduithe íocaíochta Eorpacha a chur isteach go leictreonach, agus úsáid á baint as e-CODEX, sna Ballstáit ina gceadaítear tarchur leictreonach.

Tá an córas e-CODEX ina chuid de bhonneagar na seirbhíse digití r-Cheartais laistigh den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)[25].

Thairis sin, ghlac an Coimisiún ceann amháin de chomhpháirteanna e-CODEX agus cothaíonn siad é mar chuid den bhloc tógála r-Sheachadta laistigh den SCE, rud a léiríonn gur córas úsáideach é ní hamháin le haghaidh an cheartais ach i réimsí eile freisin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Toisc go n-éascófaí an comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla araon leis an gcóras e-CODEX, teaglaim d'Airteagail 81 agus 82 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh atá ina bunús dlí leis an gcóras. Go sonrach, leis an gcóras e-CODEX éascaítear rochtain ar an gceartas

22 Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

23 Plean Gníomhaíochta 2019-2023 um an r-Cheartas Eorpach (IO C 96, 13.3.2019, lch. 9).

24 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta r-Rialtais an Aontais Eorpaigh 2016-2020 – Dlús a chur le claochlú digiteach rialtais, COM(2016) 179 final.

25 Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 680/2007 agus (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

in ábhair shibhialta i gcomhréir le hAirteagal 81(2). In ábhair choiriúla, is é Airteagal 82(1) an bunús dlí le ceart an Aontais gníomhú i réimse an chomhair bhreithiúnaigh chun an comhar idir údaráis bhreithiúnacha nó údaráis dá leithéid de chuid na mBallstát a éascú maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla agus forfheidhmiú cinntí.

- **Coimhdeacht**

Sásra a chruthú le haghaidh malartú slán faisnéise in imeachtaí breithiúnacha trasteorann, is fearr a bhainfear é sin amach ar leibhéal an Aontais. Mura ndéanfaidh an tAontas beart, tá dóchúlacht láidir ann go bhféadfaidh na Ballstáit córais náisiúnta a fhorbairt gan a chur san áireamh an féidir idir-inoibritheacht a áirithiú eatarthu. Cé go mbaineann costais le bainistiú oibríochtúil ar leibhéal an Aontais, is é an bealach is fearr é córas idir-inoibritheach a bhaint amach le haghaidh cumarsáid trasteorann idir údaráis inniúla agus, dá bhrí sin, is é an bealach is fearr é an cuspóir ginearálta a bhaint amach: is é sin comhlimistéir slándála agus ceartais a fheidhmeoidh ar shlí níos éifeachtúla fós.

Nuair a bhunófar comhchóras le haghaidh malartú digiteach trasteorann ar leibhéal an Aontais soláthrófar réiteach réamhdhéanta a fhéadfar a úsáid le haghaidh nósanna imeachta dlíthiúla éagsúla agus an idir-inoibritheacht idir córais náisiúnta á háirithiú ag an am céanna. Tá córas den sórt sin níos éifeachtaí ná córais a dhibhéirsíonn ar an leibhéal náisiúnta, dibhéirsiú nach gá go n-áiritheofaí leis go mbeadh cumarsáid trasteorann idir na Ballstáit indéanta. Thairis sin, le comhchóras ar leibhéal an Aontais ginfear barainneacht scála, toisc nach mbeidh ar an Aontas ach réiteach TF amháin a bhainistiú le haghaidh cumarsáid shlán trasteorann i réimse an cheartais. Soláthrófar breisluach le haghaidh na mBallstát leis freisin, toisc go bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh laghdú ar chostais digitithe a nósanna imeachta trasteorann agus nach mbeidh siad ina mbacainn ar an gcomhar chomh mór agus atá.

- **Comhréireacht**

Bealach comhréireach leis an gcumarsáid trasteorann a chur chun cinn i réimse an cheartais is ea bainistiú oibríochtúil buan an chórais e-CODEX ar leibhéal an Aontais a áirithiú. Mar gheall ar bhainistiú oibríochtúil an chórais a chur de chúram ar eu-LISA, féadfar toradh leordhóthanach a bhaint amach ar na EUR 24 mhilliún a infheistíodh i bhforbairt an chórais. Réiteach é an córas seo a choinneáil ar bun nach bhfuil chomh casta ná nach bhfuil an oiread céanna castachta ag baint leis i gcomparáid le córas nua a fhorbairt nó le córais eile a úsáid nach bhfuil saincheaptha le haghaidh limistéar an cheartais.

Tá roinnt cúiseanna ann gurb é aistriú na gcúraimí a bhaineann go sonrach le e-CODEX chuig eu-LISA an rogha is oiriúnaí. Bheadh an saineolas a theastaíonn chun e-CODEX a oibriú ag gníomhaireacht atá speisialaithe maidir le córais TF a bhainistiú. Toisc go bhfuil ionadaíocht ag na Ballstáit ar bhord bainistíochta na ngníomhaireachtaí, is féidir a leas, chomh maith le leas na mbreithiúna náisiúnta, a chur san áireamh. Thairis sin, i bhfianaise tacaíocht láidir ó na Ballstáit le haghaidh réiteach eu-LISA, tá sé níos dóichí go nglacfaidís an córas dá roghnófaí bainistiú oibríochtúil eu-LISA mar réiteach.

Bheadh gníomhaireacht dhíláraithe de chuid an Aontais in ann freagairt do na riachtanais theicniúla atá ag teacht chun cinn agus atá ag eascairt as na Ballstáit a úsáideann e-CODEX. Dá bhrí sin, sholáthródh gníomhaireacht den sórt réiteach solúbtha agus bheadh sí in ann na hathruithe teicniúla is gá a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX.

I bhfianaise na gcúraimí tábhachtacha nua a leithdháileadh le déanaí ar eu-LISA agus a bhaineann le córais EES, ETIAS agus ECRIS-TCN, chomh maith leis na moltaí le déanaí maidir le hidir-

inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais, níor cheart an córas e-CODEX a aistriú chuig eu-LISA roimh mhí Iúil 2023.

- **An rogha ionstraime**

Tá togra le haghaidh Rialacháin á chur ar aghaidh ag an gCoimisiún ina ionstraim dlí atá beartaithe chun an córas e-CODEX a bhunú ar leibhéal an Aontais, agus tá bainistiú oibríochtúil an chórais á chur de chúram aige ar eu-LISA. Chuige sin, leasaítear leis an togra Rialachán (AE) 2018/1726[26] lena mbunaítear eu-LISA. Tá an Rialachán seo infheidhme go díreach i ngach Ballstát agus ina cheangal go huile agus go hiomlán. Dá bhrí sin, ráthaíonn sé cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha tríd an Aontas agus a dteacht i bhfeidhm an tráth céanna. Cuirtear deimhneacht dhlíthiúil ar fáil leis trí léirmhínithe dibhéirseacha a sheachaint sna Ballstáit, agus ilroinnt dhlíthiúil á cosc dá bhrí sin.

De bharr bhunú an chórais e-CODEX, cuirfidh glacadh an Rialacháin le glacadh e-CODEX ag níos mó Ballstát le haghaidh nósanna imeachta ina bhfuil an córas á úsáid cheana féin agus le haghaidh nósanna imeachta a bheidh ann amach anseo chomh maith.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Rialachán (CE) 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta[27] áirítear sonraí maidir le líon na n-orduithe íocaíochta san Aontas agus an t-achar a théann imeachtaí. Úsáideadh na sonraí sin sa mheasúnú tionchair chun measúnú a dhéanamh ar choigiltí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar úsáid a bhaint as an gcóras e-CODEX chun orduithe íocaíochta Eorpacha a chur isteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh cuibhreannas e-CODEX i gcomhairle le gach mórlucht dlí maidir leis an bhféidearthacht bainistiú oibríochtúil e-CODEX a aistriú chuig eintiteas buan. Mar chuid den phlé ullmhúcháin sa Chomhairle ó bhí 2014 ann, bailíodh aiseolas sonrach ó Chomhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE), Comhairle Nótairí an Aontais Eorpaigh (CNUE), Dlísheomra Eorpach na nOifigeach Breithiúnacha (CEHJ) agus an Institiúid Eorpach um Dhlí (ELI). Thairis sin, rinne cuibhreannas e-CODEX meastóireacht ar úsáid e-CODEX i scéimeanna píolótacha éagsúla trí cheistneoirí a chur amach chuig geallsealbhóirí, lena n-áirítear cúirteanna, eagraíochtaí tomhaltóirí agus gairmithe dlí. Bhí torthaí dearfacha ar an meastóireacht sin go ginearálta.

Choinnigh an cuibhreannas a bhainistíonn an córas e-CODEX idirphlé tráthrialta ar bun le gach geallsealbhóir tábhachtach agus leis na Ballstáit uile tríd an Sainghrúpa maidir le saincheisteanna a bhaineann le e-CODEX, atá ina chuid de Mheitheal na Comhairle um an r-Cheartas agus a thagann le chéile ceithre huaire go sé huaire sa bhliain.

---

[26] Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

[27] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX:52015DC049552015DC0495

Thairis sin, reáchtáil Meitheal na Comhairle um an r-Cheartas cruinnithe faoina shásra comhair in 2016 agus 2017, inar iarradh ar gheallsealbhóirí ábhair a bhaineann leis an r-Cheartas a phlé. Bhí e-CODEX ar chlár oibre an dá chruinniú sin. Reáchtáil Meitheal na Comhairle idirphlé breise a bhain le e-CODEX in 2018 agus 2019.

Rinneadh tuilleadh comhairliúcháin tríd an measúnú ar thionchar tionscanta a fhoilsiú an 17 Iúil 2017. Chuir freagróirí tuairimí isteach chun tacú le e-CODEX a choinneáil ar bun agus bhí siad i bhfabhar freagracht as a bhainistiú a thabhairt do ghníomhaireacht de chuid an Aontais. I measc na bhfreagróirí bhí dlíodóirí, údaráis na mBallstát agus eagraíocht idirnáisiúnta (Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Le linn an mheasúnaithe tionchair le haghaidh an togra reachtaigh seo, úsáideadh staidéir a rinne cuibhreannas e-CODEX atá ann faoi láthair[28] — go háirithe maidir leis an taithí a fuarthas as e-CODEX a úsáid i scéimeanna píolótacha le haghaidh nósanna imeachta dlíthiúla cosúil leis an nós imeachta Eorpach um éilimh bheaga nó an nós imeachta Eorpach um orduithe íocaíochta.

Ina theannta sin, choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach bonneagar seirbhísí digiteacha (DSIanna), a rinneadh in 2016-2017[29]. Sa staidéar sin cumhdaíodh an DSI r-Cheartais, lena n-áirítear e-CODEX, agus moladh gurb é an rogha is fearr chun inbhuanaitheacht DSIanna a áirithiú go ndéanfaí aistriú chuig gníomhaireacht rialála de chuid an Aontais.

Thairis sin, i staidéar a choimisiúnaigh rialtas na hEastóine le déanaí agus a rinne PricewaterhouseCoopers[30], deimhníodh gurbh é an cás is réadúla sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma e-CODEX a bhainistiú laistigh de struchtúr bainistithe eu-LISA mar atá sé faoi láthair.

- **Measúnú tionchair**

An measúnú tionchair a cuireadh i láthair sa doiciméad inmheánach oibre SWD(2020) 541 a ghabhann leis, tá sé ina thaca ag an togra seo.

Rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála athbhreithniú ar an dréachtmheasúnú tionchair ag an gcruinniú dá chuid an 13 Nollaig 2017 agus thug sé a thuairim uaidh (tuairim dhearfach a raibh cuntair áirithe ag dul léi) an 15 Nollaig 2017, inar léiríodh gur cheart an measúnú tionchair a choigeartú chun moltaí an Bhoird a chomhtháthú i dtaca le gnéithe ar leith. Bhain siad sin ar an gcéad dul síos le todhchaí an chórais e-CODEX; bhraith an Bord nach raibh sé soiléir go leor an raibh an Chomhairle agus an Coimisiún tar éis teacht ar chomhaontú cheana féin maidir leis an ngníomhaireacht óstála a roghnú. Ar an dara dul síos, bhraith an Bord gur cheart míniú níos fearr a thabhairt sa tuarascáil ar an gcúis go bhfuil glacadh e-CODEX íseal agus ar conas a shárófaí na scrogaill atá ann faoi láthair leis an Rialachán atá beartaithe. Ar an tríú dul síos, bhraith an Bord gur cheart an chomparáid idir an dá rogha maidir le e-CODEX a óstáil a bheith níos cothroime agus nár

---

28 Staidéar a rinneadh laistigh de Phacáiste Oibre 3 de chuid thionscadal e-CODEX (e-CODEX D3.5/D3.7/D3.8 WP3 Tuarascáil Chríochnaitheach).

29 An Coimisiún Eorpach (2017). *Inbhuanaitheacht Fhadtéarmach na mBonneagar Seirbhísí Digiteacha*, Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh http://publications.europa.eu/resource/cellar/4374d088-c8ee-11e7-9b01-01aa75ed71a1.0001.01/DOC_1.

30 Anailís amach anseo 'Múnla rialachais le haghaidh Ghníomhaireacht TF an Aontais Eorpaigh (eu-LISA)' - https://www.riigikantselei.ee/sites/default/files/content-editors/uuringud/governance_mode_for_the_european_union_it_agency_eu-lisa_final_report.pdf

cheart di a bheith chomh claonta. Rinne an Coimisiún a mheasúnú tionchair a nuashonrú chun dul i ngleic leis na príomhcheisteanna sin agus chun aghaidh a thabhairt ar roinnt ráiteas eile a rinne an Bord.

Sa mheasúnú tionchair, rinneadh meastóireacht ar roinnt roghanna reachtacha agus neamhreachtacha. Cuireadh roinnt roghanna i leataobh go luath sa phróiseas. Cuireadh i leataobh an fhéidearthacht eintiteas dlíthiúil ar leith a chruthú, mar shampla, ar an mbonn go mbeadh beart den sórt sin díréireach i ndáil leis na cúraimí teoranta a thabharfaí don eintiteas. Cuireadh i leataobh an rogha córas malartach a úsáid nó a fhorbairt freisin, go príomha toisc gur léiríodh go bhfuil réiteach e-CODEX atá ann faoi láthair an-éifeachtach agus éifeachtúil sna nósanna imeachta ina bhfuil sé in úsáid cheana, agus tá sé réasúnta a bheith ag súil le toradh ar na EUR 24 mhilliún a infheistíodh chun é a chruthú. Thairis sin, d'eascródh saincheisteanna maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach agus sláine sonraí as réiteach tráchtála, toisc go bhféadfadh rochtain a bheith ag úinéir an chórais mhalartaigh, go teoiriciúil, ar na sonraí a d'aistreofaí leis an gcóras sin. Ní fhéadfaí smaoineamh ar e-CODEX a thabhairt do Bhallstát ná do chuibhreannas Ballstát ach oiread, toisc gur léir gur dhiúltaigh na Ballstáit don fhéidearthacht sin. B'fhearr leo, mar a léiríodh i gconclúidí ón gComhairle, freagracht as bainistiú oibríochtúil e-CODEX a thabhairt do eu-LISA.

Faoi na coinníollacha sin, rinneadh measúnú ar dhá rogha i gcomparáid leis an gcás bonnlíne (faoin mbonnlíne ní sholáthrófaí aon bhainistiú oibríochtúil buan, agus rachadh e-CODEX in éag dá bharr). As an dá rogha sin, measadh gurbh é an rogha e-CODEX a thabhairt do ghníomhaireacht an rogha ab iomchuí. Measadh nach raibh an rogha mhalartach — go ndéanfadh an Coimisiún bainistiú oibríochtúil e-CODEX a áirithiú — chomh hiomchuí sin, toisc go mbeadh sé níos deacra rannpháirtíocht na mBallstát i mbainistiú an chórais a áirithiú. Measann na Ballstáit go bhfuil sé tábhachtach go n-urramófaí neamhspleáchas na mbreithiúna náisiúnta go hiomlán le bainistiú an chórais. D'fhéadfadh sé gur réiteach níos solúbtha a bheadh i ngníomhaireacht freisin, le go bhféadfaí ionchur ó pháirtithe leasmhara a chur san áireamh ar bhealach níos fearr. As measc na ngníomhaireachtaí atá ann cheana, is ag eu-LISA amháin atá an taithí ábhartha ar chórais TF a bhainistiú i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile agus ba cheart é a chur de chúram air dá bhrí sin e-CODEX a bhainistiú.

Cinneadh sa mheasúnú tionchair go n-eascródh tairbhí as e-CODEX a úsáid chun an ceartas a dhigitiú, toisc go n-éascófaí imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann agus an comhar breithiúnach dá bharr agus go gcuirfí dlús leo. Bheadh sé ina chuidiú maidir le feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh trí éifeachtúlacht na n-imeachtaí trasteorann a mhéadú, agus bheadh tionchar dearfach aige ar an gcomhrac in aghaidh na coireachta trasteorann tríd an gcomhar idir na húdaráis inniúla a éascú. D'fhéadfaí na cúirteanna náisiúnta a dhéanamh níos éifeachtúla freisin de bharr an córas e-CODEX a úsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann.

A mhéid a bhaineann leis na roghanna chun bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX a áirithiú, cinneadh sa mheasúnú tionchair go mbeadh an inniúlacht iomchuí chun na críche sin ag gníomhaireacht rialála de chuid an Aontais cosúil le eu-LISA. Beidh an Ghníomhaireacht in ann an córas e-CODEX a chur in oiriúint do na riachtanais theicniúla a thiocfaidh chun cinn as na Ballstáit a úsáideann e-CODEX. Ar an gcaoi sin d'fhéadfaí aon fhorbairt neamhshiméadrach a sheachaint ar an leibhéal náisiúnta a d'fhéadfadh cur isteach ar idir-inoibritheacht idir córais náisiúnta na mBallstát.

Bhainfeadh FBManna agus micrifhiontair tairbhe as digitiú na n-imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann a d'éascófaí le e-CODEX. Coigiltis mar thoradh ar chostais laghdaithe poist agus

nósanna imeachta níos éifeachtúla agus níos giorra, d'eascróidís as a bheith in ann éilimh a chur faoi bhráid na gcúirteanna ar líne — iarratais ar orduithe íocaíochta Eorpacha, mar shampla, nó éilimh faoin nós imeachta Eorpach um éilimh bheaga (má cheadaítear iad faoin dlí náisiúnta). Ní bheadh aon chostais bhreise ar FBManna (ná ar oibreoirí eile) as e-CODEX a úsáid i nós imeachta dlíthiúil ar leith.

- **Cearta bunúsacha**

Dhéanfadh an córas e-CODEX níos éasca é do dhaoine feidhm a bhaint as a gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach, i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha, 'an Ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa', toisc go n-éascaíonn an chumarsáid leictreonach agus an tarchur doiciméad leictreonach imeachtaí cúirte agus go gcuireann siad dlús leo. Chuir geallsealbhóirí in iúl go n-áirithítear an ceart chun binse neamhchlaonta neamhspleách le hAirteagal 47, agus nach mór an ceart sin a urramú amach anseo i rialú agus comhordú e-CODEX agus gníomhaíochtaí a bhaineann le e-CODEX chun bheith i gcomhréir leis an Airteagal sin.

Toisc gur córas díláraithe é an córas e-CODEX, ní dhéanfaidh an t-eintiteas a gcuirfear de chúram air bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chomhpháirteanna an chórais sonraí a stóráil ná a phróiseáil thar a bhfuil riachtanach chun teagmháil a choinneáil ar bun leis na heintitis a fheidhmíonn pointí rochtana e-CODEX. Tá na heintitis sin freagrach as líonraí éagsúla e-CODEX a chur ar bun agus a oibriú, agus dá bhrí sin is iadsan amháin a bheidh freagrach as na sonraí pearsanta a tharchuirfear trí na pointí rochtana sonracha. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725[31] nó ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó ag Treoir (AE) 2016/680[32], ag brath ar cibé an bhfuil pointe rochtana á oibriú ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta agus ag brath ar cé acu údaráis náisiúnta a bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil acu agus cad chuige.

Ní mór do eu-LISA Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh agus sonraí pearsanta á bpróiseáil aige, mar a dhéantar cheana. A mhéid a bhaineann leis an gcúram forbairtí teicniúla breise a dhéanamh ar an gcóras, go háirithe, áirítear air sin a áirithiú go n-urramófar, trí dhearadh agus mar réamhshocrú, ceanglais slándála agus ceanglais maidir le cosaint sonraí le haon fheabhsú nó aon leagan nua de na comhpháirteanna bogearraí a cuireadh de chúram ar eu-LISA. Le hAirteagal 10 den togra seo cuirtear an fhreagracht ar eu-LISA as an gcúram sin a chur i gcrích, agus as slándáil sonraí ar an iomlán.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

EUR 9.667 milliún atá i gcostais iomlána 2022-2027 (EUR 1.611 milliún in aghaidh na bliana ar an meán). As an méid sin, is fiú EUR 8.723 milliún maoiniú eu-LISA le haghaidh na tréimhse céanna.

---

31 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

32 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

Áirítear ar na costais na hacmhainní daonna breise atá ag teastáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ag eu-LISA agus ag an gCoimisiún. Ag eu-LISA, cuirfear tús le hearcú acmhainní inmheánacha amhail ón 1 Meán Fómhair 2022 agus beidh dhá phost CA ann chun aistriú rianúil a éascú. Amhail ón 1 Eanáir 2023, ba cheart dhá Ghníomhaire Shealadacha agus trí Ghníomhaire ar Conradh san iomlán a bheith ag eu-LISA, lena n-áiritheofar na príomhfheidhmeanna maidir le e-CODEX. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún (an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí) a bheith páirteach i rialachas beartais obair eu-LISA a sholáthar, i bhfaireachán a dhéanamh ar an nGníomhaireacht, agus i ndeisiú na ngníomhartha riachtanacha cur chun feidhme a shainordófar leis an Rialachán. Rinneadh post reachtúil amháin sa bhreis a bhuiséadú lena aghaidh sin ó 2022.

Tá míniúcháin mhionsonraithe ar na costais sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leanfaidh an t-eintiteas atá ag bainistiú an chórais e-CODEX de bheith freagrach as go dtí go gcuirfear an próiseas aistrithe/táthcheangail i gcrích go rathúil. Tá an próiseas maidir leis an gcóras a aistriú chuig eu-LISA beartaithe le bheith curtha i gcrích laistigh de 6 mhí tar éis an 1 Eanáir 2023. Le linn na tréimhse sin, leanfaidh an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX de bheith lánfhreagrach as an gcóras e-CODEX. Tabharfaidh an tréimhse sin deis do eu-LISA na hullmhúcháin is gá a dhéanamh chun an córas a tháthcheangal. Ba cheart don Ghníomhaireacht an fhoireann is gá a earcú agus pleanáil le haghaidh gníomhaíochtaí soláthair dá réir.

Dhá bhliain tar éis do eu-LISA freagracht a ghlacadh as an gcóras e-CODEX agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, ní mór do eu-LISA tuarascáil chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí a sholáthar don Choimisiún ina gcuirfear síos ar fhorbairt theicniúil agus feidhmiú an chórais e-CODEX, lena n-áirítear a shlándáil, le linn na tréimhse tuarascála. Beidh na tuarascálacha sin bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún ar fáil gach bliain. Beidh liosta de phointí rochtana údaraithe e-CODEX iontu; fardal maidir leis na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann ina mbaintear úsáid as an gcóras e-CODEX; an chéim dhigitithe atá ag gach nós imeachta trasteorann sibhialta nó coiriúil; líon na dteachtaireachtaí gnó a seoladh chuig gach ceann de na Ballstáit eile atá páirteach i ngach nós imeachta sibhialta agus coiriúil trasteorann agus a fuarthas uathu; líon agus cineál na dteagmhas a mbíonn tionchar acu ar shlándáil an chórais e-CODEX.

Trí bliana tar éis do eu-LISA freagracht a ghlacadh as an gcóras e-CODEX agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, ní mór don Choimisiún meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX. lena n-áirítear measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin, scrúdú ar na torthaí a baineadh amach i gcomparáid leis na cuspóirí. Ba cheart measúnú ar fheidhmiú Bhord Bainistíochta an Chláir a áireamh sa chéad mheastóireacht freisin, ina bhfiosrófar ar cheart é a choinneáil ar bun. Féadfaidh an Coimisiún aon ghníomhaíochtaí is gá a dhéanamh amach anseo, agus toradh na meastóireachta sin á chur san áireamh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In *Airteagal 1* leagtar amach ábhar an Rialacháin. Bunaítear an córas e-CODEX leis an Rialachán agus cuirtear a bhainistiú oibríochtúil de chúram ar eu-LISA. Thairis sin, sa Rialachán leagtar amach freagrachtaí an Choimisiúin, na mBallstát agus na n-eintiteas a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX.

In *Airteagal 2* sainítear raon feidhme an Rialacháin. Tá feidhm ag an Rialachán maidir le tarchur faisnéise leictreonach in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann tríd an gcóras e-CODEX, i gcomhréir le hionstraimí dlíthiúla arna nglacadh sa chomhar sibhialta agus coiriúil. Tá liosta de na hionstraimí sin in Iarscríbhinn I.

Tá sainmhínithe ar na téarmaí a úsáidtear sa Rialachán in *Airteagal 3*.

In *Airteagal 4* sainmhínítear an córas e-CODEX agus leagtar síos a chomhdhéanamh, ina bhfuil bogearraí pointí rochtana (lena n-áirítear tairseach agus nascóir). Ina theannta sin, tá an córas e-CODEX comhdhéanta de chaighdeáin nós imeachta dhigiteacha lena ndéantar idirnascadh idir na pointí rochtana indéanta.

Le h*Airteagal 5* tugtar sainordú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, faoin 31 Nollaig 2022, lena sainmhíneofar na ceanglais ar leibhéal seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí a dhéanann eu-LISA. Thairis sin, tugtar sainordú leis don Choimisiún sainmhíniú a dhéanamh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ar na híos-sonraíochtaí agus na híoschaighdeáin theicniúla, lena n-áirítear íos-sonraíochtaí agus íoschaighdeáin a bhaineann le slándáil, atá ina mbonn taca leis na táirgí bogearraí a áirítear sa chóras e-CODEX; ar na ceanglais ar leibhéal seirbhíse agus na sonraíochtaí teicniúla eile is gá le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ag eu-LISA i gcomhréir le hAirteagal 6; agus ar théarmaí an phróisis aistrithe/táthcheangail chomh maith. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh freisin maidir leis na socruithe teicniúla chun an córas e-CODEX a úsáid sna nósanna imeachta éagsúla sibhialta agus coiriúla trasteorann atá liostaithe in Iarscríbhinn I. Cuirtear freagracht as liosta a choinneáil ar bun de phointí rochtana údaraithe e-CODEX arna n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais de chúram ar an gCoimisiún freisin, agus as comhfhreagraithe a ainmniú atá i dteideal tacaíocht a fháil maidir le conas an córas e-CODEX a úsáid.

In *Airteagal 6* leagtar amach freagrachtaí eu-LISA maidir le bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX. Cuirtear cúraimí breise áirithe ar eu-LISA leis freisin maidir le córas e-CODEX agus an obair theicniúil chomhfhreagrach i ndáil leis na comhpháirteanna a luaitear in Airteagal 4 a bhfuil eu-LISA freagrach astu.

Le h*Airteagal 7* cuirtear freagracht de chúram ar na Ballstáit as liosta a choinneáil ar bun de phointí rochtana údaraithe e-CODEX a oibrítear laistigh dá gcríoch; as eu-LISA a chur ar an eolas mar gheall ar aon athrú ar an liosta sin, agus as comhfhreagraithe a ainmniú atá i dteideal tacaíocht a fháil maidir le conas an córas e-CODEX a úsáid.

In *Airteagal 8* sainmhínítear freagrachtaí na n-eintiteas a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX. Áirítear orthu sin freagracht as an bpointe rochtana a chur ar bun agus a oibriú go slán, chomh maith le freagracht as aon díobháil a dhéanfar dó agus as slándáil na sonraí a tharchuirfear tríd. Beidh siad freagrach freisin as faisnéis staidrimh a bhailiú maidir lena n-oibriú.

In *Airteagal 9* sonraítear an nós imeachta maidir le córas e-CODEX a aistriú ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX go eu-LISA, lena n-áirítear ról faireacháin le haghaidh an Choimisiúin. Is é an 1 Iúil 2023 an dáta is luaithe atá beartaithe le haghaidh an táthcheangail, ionas go mbeidh an t-am ag eu-LISA na cúraimí a cuireadh cheana féin ar chórais EES, ETIAS agus ECRIS-TCN a dhéanamh, chun CFS agus VIS a nuachóiriú agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais faisnéise an Aontais. Ní tharlóidh an táthcheangal go dtí go ndearbhóidh an Coimisiún gur cuireadh an próiseas aistrithe/táthcheangail i gcrích go rathúil. Faoin 31 Nollaig 2022, ba cheart

don eintiteas a bhfuil an córas e-CODEX á bhainistiú aige doiciméad aistrithe a chur faoi bhráid eu-LISA ina sonrófar na socruithe maidir leis an gcóras e-CODEX a aistriú go eu-LISA. Le linn na tréimhse aistrithe, coinneoidh an t-eintiteas a bhfuil an córas e-CODEX á bhainistiú aige lánfhreagracht as an gcóras e-CODEX agus áiritheoidh sé nach ndéanfar ach gníomhaíochtaí cothabhála ceartaitheacha sa chóras. Cumhdaíonn an t-aistriú comhpháirteanna an chórais e-CODEX a shainmhínítear in Airteagal 4, i.e. an cónascaire agus na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha, chomh maith leis na táirgí tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn II. Soiléirítear in Airteagal 9 freisin gur cheart go n-áiritheofaí leis an aistriú sin go n-aistreofar aon cheart maoine intleachtúla nó aon cheart úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus leis na táirgí tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn II, ionas go mbeidh eu-LISA in ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Mar sin féin, i dtaca le príomh-chomhpháirteanna bogearraí an chórais, níor cheart go mbeadh aistriú conarthach riachtanach, mar tá bogearra Domibus ina fhoinse oscailte a chumhdaítear le Ceadúnas Poiblí an Aontais Eorpaigh (EUPL).

In *Airteagal 10* déantar foráil maidir le ceanglais slándála, agus cuirtear an fhreagracht fhoriomlán as slándáil an chórais e-CODEX de chúram ar eu-LISA agus a chúraimí bainistithe oibríochtúla á dhéanamh aige. Ní mór do eu-LISA a áirithiú go gcuirfidh an córas e-CODEX prionsabail na slándála agus na cosanta sonraí chun feidhme trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Soiléirítear ann a thuilleadh gur ar an eintiteas a oibríonn an pointe rochtana atá an fhreagracht as slándáil na sonraí a tharchuirtear trí phointe rochtana údaraithe e-CODEX.

In *Airteagal 11* déantar foráil go mbunóidh eu-LISA Grúpa Comhairleach e-CODEX, a thabharfaidh cúnamh le hobair ar an gcóras e-CODEX. Cuirfidh an Grúpa Comhairleach an saineolas riachtanach ar fáil do eu-LISA maidir leis an gcóras e-CODEX agus déanfaidh sé obair leantach freisin maidir leis an dul chun cinn maidir lena chur chun feidhme sna Ballstáit, i measc saincheisteanna eile.

Le h*Airteagal 12* bunaítear Bord Bainistíochta an Chláir a chuideoidh le Bord Bainistíochta eu-LISA bainistiú leordhóthanach an chórais e-CODEX a áirithiú. Feidhmeoidh Bord Bainistíochta an Chláir mar chomhlacht idirghabhála idir na Grúpaí Comhairleacha agus Bord Bainistíochta eu-LISA. Déanfaidh sé faireachán go háirithe ar na gníomhaíochtaí aistrithe chun a áirithiú go nglacfaidh eu-LISA seilbh ar an gcóras go tráthúil. Áiritheoidh Bord Bainistíochta an Chláir tosaíocht iomchuí don obair ar an gcóras e-CODEX freisin agus déanfaidh sé idirghabháil i ndáil le saincheisteanna conspóideacha a d’fhéadfadh a bheith ann.

Le h*Airteagal 13* cuirtear de chúram ar eu-LISA oiliúint a chur a fáil maidir le húsáid theicniúil an chórais e-CODEX.

In *Airteagal 14* mionsonraítear an fhaisnéis a bhfuil sé d’oibleagáid ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a sholáthar do eu-LISA: liosta de na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann a mbaintear úsáid as an gcóras e-CODEX lena n-aghaidh; a mhéid is féidir an córas e-CODEX a úsáid le haghaidh gach nós imeachta sibhialta agus coiriúil trasteorann; líon na dteachtaireachtaí gnó a sheoltar agus a fhaightear ag gach pointe rochtana údaraithe e-CODEX ina gcríoch; agus líon agus cineál na dteagmhas a dtagann eintitis a oibríonn pointí rochtana e-CODEX údaraithe i gcríoch an Bhallstáit orthu agus a imríonn tionchar ar shlándáil chóras e-CODEX.

In *Airteagal 15* leagtar síos rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú. Gach dhá bhliain, ní mór do eu-LISA tuarascálacha a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcóras e-CODEX, ina n-úsáidfear faisnéis ó na Ballstáit. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún tuarascáil ar an gcóras e-CODEX a chur isteach trí bliana tar éis an táthcheangail agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin.

Le h*Airteagal 16* rialaítear na leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1726 le haghaidh fhreagrachtaí agus chúraimí nua eu-LISA i leith an chórais e-CODEX.

Baineann *Airteagal 17* leis an nós imeachta coiste atá le húsáid, arna bhunú ar fhoráil chaighdeánach.

In *Airteagal 18* sonraítear gurb ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a bheidh na costais arna dtabhú i dtaca le bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX. I gcodarsnacht leis sin, beidh na Ballstáit freagrach as na costais a bhaineann le liosta de phointí rochtana údaraithe e-CODEX ar an leibhéal náisiúnta a choinneáil ar bun agus as na costais a bhaineann le comhfhreagraithe e-CODEX a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 7. Beidh na heintitis a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú acu freagrach as na costais a bhaineann leis an gcóras e-CODEX a bhunú agus a oibriú ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 8.

In *Airteagal 19* foráiltear go dtiocfadh an Rialachán i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

In *Iarscríbhinn I* liostaítear na gníomhartha dlíthiúla a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

In *Iarscríbhinn II* liostaítear na táirgí bogearraí tacaíochta atá le haistriú chuig eu-LISA i gcomhréir le hAirteagal 9.

2020/0345 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) agus Airteagal 82(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) A áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ag saoránaigh agus gnólachtaí ar cheartas agus comhar breithiúnach a éascú idir na Ballstáit agus go mbeidh, tá siad sin ar phríomhchuspóirí Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais an Aontais Eorpaigh a chumhdaítear faoi Theideal V den Chonradh.

(2) Mar sin, tá sé tábhachtach go ndéantar cainéil iomchuí a fhorbairt chun a áirithiú gur féidir le córais cheartais comhoibriú go héifeachtúil ar bhealach digiteach. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach ionstraim teicneolaíochta faisnéise a bhunú ar leibhéal an Aontais lenar féidir sonraí a bhaineann le cásanna a mhalartú go leictreonach ar bhonn pras, díreach, idir-inoibrítheach iontaofa agus slán thar theorainneacha. Le córas den sórt sin, córas a chuireann ar chumas saoránach agus gnólachtaí doiciméid agus fianaise a mhalartú i bhfoirm dhigiteach le húdaráis bhreithiúnacha nó le húdaráis inniúla eile, nuair a fhoráiltear dó sin sa dlí náisiúnta nó i ndlí an Aontais, ba cheart go gcuideodh sé le feabhas a chur ar an rochtain ar cheartas.

(3) Tá uirlisí ann a forbraíodh chun sonraí a bhaineann le cásanna a mhalartú go digiteach, gan na córais chúil atá ar bun cheana a mhalartú nó gan gá a bheith ann le modhnuithe costacha orthu atá ar bun cheana sna Ballstáit. An Tionscadal r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne (e-CODEX), tá sé ar an bpríomhuirlis den sórt sin a forbraíodh go dtí seo.

(4) Uirlis atá sa chóras e-CODEX atá ceaptha go sonrach chun malartú leictreonach trasteorann teachtaireachtaí i réimse an cheartais a éascú. I gcomhthéacs dhigitiú méadaithe na n-imeachtaí in ábhair shibhialta agus choiriúla, is é is aidhm don chóras e-CODEX éifeachtúlacht na cumarsáide trasteorann idir na húdaráis inniúla a fheabhsú agus rochtain na saoránach agus gnólachtaí ar cheartas a éascú. Ba é cuibhreannas

Ballstát agus eagraíochtaí a fuair maoiniú ó chláir de chuid an Aontais a bhainistigh go dtí seo é.

(5) Tá dhá eilimint bogearraí sa chóras e-CODEX: bogearraí Domibus Gateway chun teachtaireachtaí a mhalartú le tairsí eile agus le bogearraí nascóirí Domibus, bogearraí a sholáthraíonn roinnt feidhmiúlachtaí a bhaineann le traschur teachtaireachtaí idir córais náisiúnta. Is ar an mbloc tógála r-Sheachadta atá an tairseach bunaithe, bloc atá á choinneáil ar bun ag an gCoimisiún, agus san am céanna is é cuibhreannas Ballstát agus eagraíochtaí a bhfuil maoiniú acu ó Chláir an Aontais (an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX) a dhéanann bainistiú oibríochtúil an nascóra. Soláthraíonn na bogearraí nascóra feidhmeanna áirithe, mar shampla sínithe leictreonacha a fhíorú trí leabharlann slándála agus cruthúnas ar sheachadadh. Ina theannta sin, an t-eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX, tá teimpléid forbartha aige le haghaidh foirmeacha digiteacha atá le húsáid sna nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla sonracha ar dóibh a ndearna sé an córas e-CODEX a phíolótú.

(6) I bhfianaise a thábhachtaí atá an córas e-CODEX le haghaidh malartuithe trasteorann i réimse an cheartais san Aontas, ba cheart creat dlí inbhuanaithe a bheith ann lena mbunófaí an córas e-CODEX agus lena gcuirfí rialacha ar fáil maidir lena fheidhmiú agus a fhorbairt. Ba cheart do chreat dlí den sórt sin comhpháirteanna an chórais e-CODEX a shainiú agus a chumadh go soiléir chun a inbhuanaitheacht theicniúil a ráthú. Ba cheart don chóras comhpháirteanna TF an phointe rochtana a shainiú, pointe ina mbeidh tairseach chun críche cumarsáide sláine le tairsí sainaitheanta eile agus nascóir chun tacú leis na malartuithe teachtaireachtaí. Lena chois sin, ba cheart caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a chur san áireamh ina mbeidh samhlacha próisis gnó agus teimpléid lena sainítear formáid leictreonach na ndoiciméad a úsáidtear i gcomhthéacs na nósanna imeachta sin chun tacú le húsáid na bpointí rochtana e-CODEX le haghaidh nósanna imeachta dlíthiúla dá bhforáiltear sna gníomhartha dlí arna nglacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh agus le go mbeifear in ann faisnéis a mhalartú idir na pointí rochtana.

(7) Ós rud é go bhfuil sé riachtanach inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais e-CODEX agus a rialachas a áirithiú agus neamhspleáchas na mbreithiúna náisiúnta á chur san áireamh san am céanna, ba cheart eintiteas iomchuí a ainmniú le haghaidh bhainistiú oibríochtúil an chórais.

(8) Is é gníomhaireacht an t-eintiteas is iomchuí le haghaidh bhainistiú oibríochtúil an chórais, ós rud é go bhfágann a struchtúr rialachais gur féidir leis na Ballstáit a bheith rannpháirteach i mbainistiú oibríochtúil an chórais trí rannpháirtíocht i mBord Bainistíochta na Gníomhaireachta, sna Grúpaí Comhairleacha agus i mBoird Bainistíochta an Chláir. I dtaca le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33], tá taithí ábhartha aici i mbainistiú córas mórscála TF. Dá bhrí sin, ba cheart cúram bhainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX a chur ar eu-LISA. Tá sé riachtanach freisin struchtúr eu-LISA atá ann cheana a choigeartú trí fhreagrachtaí a Bhoird Bainistíochta a leasú agus trí Ghrúpa Comhairleach e-CODEX

[33] Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99)

a bhunú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1726 a leasú dá réir. Ba cheart bord sonrach a bhunú freisin, is é sin Bord Bainistíochta an Chláir.

(9) De réir Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1726, is é ról Bhord Bainistíochta eu-LISA a áirithiú go n-urramaítear prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna le cinntí agus gníomhaíochtaí uile na Gníomhaireachta a imríonn tionchar ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Le struchtúr rialachais na Gníomhaireachta agus leis an scéim mhaoinithe, déantar an prionsabal sin a ráthú tuilleadh. Tá sé tábhachtach freisin go mbeidh baint ag na gairmeacha dlí agus ag páirtithe leasmhara eile le rialachas an chórais e-CODEX trí Bhord Bainistíochta an Chláir.

(10) I bhfianaise na gcúraimí tosaíochta atá ar eu-LISA maidir le forbairt agus bainistiú an Chórais Isteach/Amach (EES), an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), an Chórais Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír (ECRIS-TCN), an Chórais Faisnéise Schengen (SIS) athbhreithnithe, an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) agus Eurodac, chomh maith leis an gcúram straitéiseach chun creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh, níor cheart do eu-LISA an fhreagracht as an chórais e-CODEX a ghlacadh roimh an 1 Iúil 2023.

(11) Is féidir an córas e-CODEX a úsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann. Mar sin féin, i bhfianaise a chineáil oscailte, d’fhéadfaí é a úsáid i gcásanna eile. Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le haon úsáid a bhaintear as an gcóras e-CODEX nach bhfuil bunaithe ar na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

(12) Ba cheart go mbeadh freagracht ar eu-LISA as comhpháirteanna an chórais e-CODEX, cé is moite de bhainistiú oibríochtúil bhogearraí Domibus Connector, ós rud é gurb é an Coimisiún a sholáthraíonn na bogearraí sin faoi láthair ar bhonn trasearnála laistigh de bhloc tógála r-Sheachadta. Ba cheart do eu-LISA an fhreagracht iomlán a ghlacadh as bainistiú oibríochtúil bhogearraí Domibus Connector agus as na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha ón eintiteas a bhainistíonn an córas e-CODEX. Ós rud é gur comhpháirteanna dílse iad Domibus Gateway agus Domibus Connector de e-CODEX, ba cheart do eu-LISA comhoiriúnacht an nascóra a dheimhniú leis an leagan is déanaí den tairseach. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún eu-LISA a chur san áireamh i gcomhlacht ábhartha rialachais an bhloic tógála r-Sheachadadh ar uair theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

(13) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]. Na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh sa chreat sin, ba cheart dóibh na sonraíochtaí agus na caighdeáin theicniúla íosta a bhunú, lena n-áirítear maidir le slándáil, rud a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX; ba cheart dóibh ceanglais an leibhéil seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí a dhéanann eu-LISA agus sonraíochtaí teicniúla riachtanacha eile le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin a bhunú; agus ba cheart modheolaíochtaí an phróisis aistrithe/táthcheangail a bhunú. D’fhéadfaí go mbunófaí

[34] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

leis na gníomhartha cur chun feidhme na socruithe teicniúla a thacaíonn le húsáid an chórais e-CODEX sna nósanna imeachta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh.

(14) Ba cheart freagrachtaí sonracha eu-LISA i ndáil le bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX a leagan síos.

(15) Ba cheart do na Ballstáit liosta a choinneáil ar bun de phointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú laistigh dá gcríoch, agus iad a chur in iúl do eu-LISA ionas gur féidir an t-idirghníomhú eatarthu a dhéanamh i gcomhthéacs na nósanna imeachta ábhartha. Ba cheart don Choimisiún liosta comhchosúil de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais a choinneáil ar bun ar an gcúis chéanna. Na heintitis a oibríonn na pointí rochtana ar an leibhéal náisiúnta, féadfaidh siad a bheith ina n-údaráis phoiblí, ina n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do chleachtóirí nó ina gcuideachtaí príobháideacha. Agus aird á coinneáil ar chineál díláraithe an chórais e-CODEX, cé gur cheart do eu-LISA bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX a áirithiú, ba cheart an fhreagracht as pointí rochtana údaraithe e-CODEX a bhunú agus a oibriú a bheith, go heisiach, ar na heintitis a oibríonn na pointí rochtana ábhartha. Ba cheart an fhreagracht a bheith ar na heintitis a oibríonn an pointe rochtana údaraithe e-CODEX as aon damáiste a eascraíonn as oibriú an phointe rochtana údaraithe e-CODEX.

(16) Na córais náisiúnta atá idirnasctha tríd an gcóras e-CODEX, ba cheart dóibh foráil a dhéanamh maidir le faireachán a dhéanamh ar a éifeachtúlacht agus ar a éifeachtacht trí shásra a sholáthar chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair ionstraimí lenar féidir sonraí leictreonacha a tharchur i gcomhthéacs imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann san Aontas. Na córais atá nasctha leis na pointí rochtana údaraithe e-CODEX, ba cheart go mbeidís in ann, dá bhrí sin, sonraí cuimsitheacha maidir le húsáid imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann a bhailiú agus a choinneáil ar bun go córasach i gcomhréir le forálacha ábhartha na ngníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I. Ní hamháin gur cheart don mhéid sin obair na mBallstát a mhaolú ó thaobh bhailiú na sonraí ábhartha de agus cuntasacht agus trédhearcacht fhrithpháirteach a áirithiú, ach ba cheart faireachán *ex-post* ar na gníomhartha dlí arna nglacadh i réimse an chomhair shibhialta agus choiriúil ag an gCoimisiún a bheith éascaithe go mór. Níor cheart ach sonraí comhiomlánaithe a chumhdach san fhaisnéis atá á bailiú agus níor cheart sonraí pearsanta a bheith iontu.

(17) Ba cheart do eu-LISA ardleibhéal slándála a choinneáil ar bun agus a chúraimí á ndéanamh aige. Nuair a thugtar faoi éabhlóidí teicniúla breise bogearraí, ba cheart do eu-LISA prionsabail na slándála a chur chun feidhme trí dhearadh agus cosaint sonraí a chur chun feidhme trí dhearadh agus mar réamhshocrú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart an fhreagracht a bheith ar na heintitis a oibríonn an pointe rochtana údaraithe e-CODEX as slándáil na sonraí a thraschuirtear trína bpointí rochtana.

(18) I gcás inar gá faisnéis rúnaicmithe a phróiseáil tríd an gcóras e-CODEX a úsáid, ba ghá an córas a chreidiúnú i gcomhréir le rialacha slándála faisnéise eu-LISA.

(19) Le go mbeidh eu-LISA in ann an táthcheangal a ullmhú go leordhóthanach, ba cheart don eintiteas atá ag bainistiú an chórais e-CODEX doiciméad aistrithe a ullmhú faoin 31 Nollaig 2022 ina leagfar amach na socruithe mionsonraithe maidir le haistriú an chórais e-CODEX, lena n-áirítear na critéir le haghaidh próiseas rathúil aistrithe agus a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart go gcumhdófaí sa doiciméad aistrithe comhpháirteanna an chórais e-CODEX lena n-áirítear an tairseach, an nascóir

agus na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha, chomh maith leis na táirgí tacaíochta ábhartha. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas aistrithe/táthcheangail chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na gníomhartha cur chun feidhme agus an doiciméad aistrithe, agus níor cheart an táthcheangal a dhéanamh go dtí go mbeidh fógra tugtha ag an gCoimisiún go bhfuil an próiseas curtha i gcrích go rathúil. Tar éis don eintiteas atá ag bainistiú an chórais e-CODEX an doiciméad aistrithe a chur isteach agus go dtí go ndéantar an córas e-CODEX a aistriú go rathúil chuig eu-LISA, níor cheart don eintiteas sin aon eisiúint nua a sheachadadh agus níor cheart dó ach gníomhaíochtaí ceartaitheacha lena ndéantar an córas e-CODEX a choinneáil ar bun a áirithiú.

(20) Ba cheart don aistriú a áirithiú freisin go n-aistreofar aon chearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus go n-aistreofar na táirgí tacaíochta ábhartha ionas go mbeidh eu-LISA in ann a fhreagrachtaí a chur i gcrích faoin Rialachán seo. Mar sin féin, i dtaca le príomh-chomhpháirteanna bhogearraí an chórais, níor cheart d'aistriú conarthach a bheith riachtanach, mar is foinse oscailte atá i mbogearraí Domibus agus cumhdaítear le Ceadúnas Poiblí an Aontais Eorpaigh (EUPL) iad.

(21) Chun go mbeidh an Coimisiún in ann meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras e-CODEX go tráthrialta, ba cheart do eu-LISA tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach dara bliain faoi éabhlóid theicniúil agus faoi fheidhmiú teicniúil an chórais e-CODEX. Chun go gcuirfear leis an tuarascáil sin, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do eu-LISA maidir leis na pointí rochtana atá á n-oibriú ina gcríoch agus ba cheart don Choimisiún faisnéis den chineál céanna a sholáthar maidir leis na pointí rochtana atá á n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

(22) Níor cheart go soláthrófaí leis an Rialachán seo aon bhunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoi chreat an Rialacháin seo, ba cheart í a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí. Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], tá feidhm acu maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar ag pointí rochtana údaraithe e-CODEX, atá á n-oibriú ag pointí rochtana údaraithe e-CODEX atá bunaithe laistigh de chríoch na mBallstát i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(23) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais i gcomhthéacs an Rialacháin seo.

---

35 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

36 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

37 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena

(24) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(25) I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[nó]

(26) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(27) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus thug sé tuairim an …[38],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL 1
# Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Leis an Rialachán seo, bunaítear córas TF díláraithe le haghaidh cumarsáid trasteorann chun malartú leictreonach doiciméad, iarrataí, foirmeacha dlí, fianaise nó faisnéis eile a éascú ar bhealach slán iontaofa in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (Tionscadal r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne - córas e-CODEX).

Leagann sé síos na rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sainiú agus comhdhéanamh an chórais e-CODEX;

(b) bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX atá á dhéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach le haghaidh bhainistiú oibríochtúil na gcóras mórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu-LISA);

(c) freagrachtaí an Choimisiúin, na mBallstát agus na n-eintiteas a oibríonn pointí rochtana údaraithe e-CODEX.

---

n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE.) (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[38] IO ...

*Airteagal 2*
*Raon feidhme*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le tarchur leictreonach faisnéise i gcomhthéacs imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann tríd an gcóras e-CODEX i gcomhréir leis na gníomhartha dlí arna nglacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh a liostaítear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'pointe rochtana e-CODEX' bogearraí an phointe rochtana atá suiteáilte ar bhonneagar crua-earraí, bonneagar atá in ann faisnéis a tharchur chuig pointí rochtana e-CODEX eile agus uathu ar bhealach iontaofa;

(b) ciallaíonn 'pointe rochtana údaraithe e-CODEX' pointe rochtana e-CODEX ar tugadh fógra do eu-LISA faoi i gcomhréir le hAirteagal 5(4) nó le hAirteagal 7(1) agus a bhfuil caighdeán nós imeachta digiteach á oibriú aige, caighdeán dá dtagraítear in Airteagal 4(3);

(c) ciallaíonn 'eintiteas a oibríonn pointe rochtana údaraithe e-CODEX' institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, údarás poiblí náisiúnta nó duine dlítheanach a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige;

(d) ciallaíonn 'córas nasctha' córas TF atá nasctha le pointe rochtana e-CODEX chun cumarsáid a dhéanamh le pointí rochtana eile e-CODEX;

(e) ciallaíonn 'ardán lárnach tástála' pointe rochtana e-CODEX a úsáidtear go heisiach le haghaidh tástála, a sholáthraíonn sraith feidhmeanna is féidir le heintitis a úsáid a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-úsáid acu chun oibriú ceart a bpointí rochtana agus úsáid cheart na gcaighdeán nós imeachta digiteach e-CODEX a fhíorú sna córais nasctha atá nasca leis na pointí rochtana sin;

(f) ciallaíonn 'samhail próisis gnó' léiriú grafach agus téacsach de shamhail choincheapúil de roinnt gníomhaíochtaí nó cúraimí struchtúrtha gaolmhara, mar aon le samhlacha sonraí ábhartha, agus seicheamh ina gcaithfear na gníomhaíochtaí nó na cúraimí a dhéanamh, chun idirghníomhaíocht fhóinteach a bhaint amach idir dhá pháirtí nó níos mó;

(g) ciallaíonn 'bainistiú oibríochtúil' na cúraimí uile is gá chun an córas e-CODEX a choinneáil ag feidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

# CAIBIDIL 2
# Comhdhéanamh, feidhmeanna agus freagrachtaí maidir leis an gcóras e-CODEX

*Airteagal 4*
*Comhdhéanamh an chórais e-CODEX*

1. Beidh an córas e-CODEX comhdhéanta de phointe rochtana e-CODEX agus de chaighdeáin nós imeachta dhigiteacha.

2. Beidh an pointe rochtana e-CODEX comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

(a) tairseach ina mbeidh bogearraí, bunaithe ar shraith choiteann prótacal, lenar féidir faisnéis a mhalartú go slán thar líonra teileachumarsáide le tairsí eile a úsáideann an tsraith choiteann chéanna prótacal;

(b) nascóir, lenar féidir córais nasctha a nascadh leis an tairseach dá dtagraítear i bpointe (a), agus ina bhfuil bogearraí, bunaithe ar shraith choiteann de phrótacail oscailte, lenar féidir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) teachtaireachtaí a struchtúrú, a logáil agus a nascadh;

(ii) a sláine agus a mbarántúlacht a fhíorú;

(iii) deimhnithe am-nasctha ar fháil na dteachtaireachtaí malairtithe a chruthú.

3. Sa chaighdeán nós imeachta digiteach, beidh na samhlacha próisis gnó agus na teimpléid lena sainítear formáid leictreonach na ndoiciméad a úsáidtear i gcomhthéacs na nósanna imeachta a leagtar síos le gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 5*
*Freagrachtaí an Choimisiúin*

1. Faoin 31 Nollaig 2022, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) na sonraíochtaí agus na caighdeáin theicniúla íosta, lena n-áirítear sonraíochtaí agus caighdeáin maidir le slándáil, a thacaíonn le comhpháirteanna an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal 4;

(b) ceanglais an leibhéil seirbhíse le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá le déanamh ag eu-LISA i gcomhréir le hAirteagal 6 chomh maith leis na sonraíochtaí teicniúla riachtanacha eile le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

(c) socruithe sonracha an phróisis aistrithe/táthcheangail dá dtagraítear in Airteagal 9.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe maidir leis na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha a shainítear in Airteagal 4(3).

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

4. Déanfaidh an Coimisiún liosta de phointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus liosta de na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann a choinneáil ar bun chomh maith le foirmeacha a bhfuil an t-údarás ag gach pointe rochtana iad a chur i bhfeidhm. Déanfaidh sé na hathruithe a fhógairt do eu-LISA gan mhoill, gan dochar don fhógra bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 14.

5. Déanfaidh an Coimisiún suas le cúig chomhfhreagraí e-CODEX a ainmniú. Ní bheidh ach comhfhreagraithe e-CODEX amháin i dteideal tacaíocht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(f) a iarraidh agus a fháil ó eu-LISA i ndáil leis an gcóras e-CODEX atá á oibriú ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

*Airteagal 6*
*Freagrachtaí eu-LISA*

1. Beidh eu-LISA freagrach as bainistiú oibríochtúil chomhpháirteanna an chórais e-CODEX dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(b) agus (3) agus na bogearraí tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. I mbainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX, beidh an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na táirgí bogearraí dá dtagraítear i mír 1 a fhorbairt, a choinneáil ar bun, a dháileadh ar phointí rochtana údaraithe e-CODEX agus fabhtanna iontu a réiteach;

(b) gach doiciméadacht ar fad i ndáil le comhpháirteanna an chórais e-CODEX agus a chuid táirgí bogearraí tacaíochta dá dtagraítear i mír 1 a fhorbairt, a choinneáil ar bun, a nuashonrú agus a dháileadh ar phointí rochtana údaraithe e-CODEX;

(c) comhad cumraíochta ina bhfuil liosta uileghabhálach de phointí rochtana údaraithe e-CODEX a fhorbairt, a choinneáil ar bun, a nuashonrú agus a dháileadh ar phointí rochtana údaraithe e-CODEX, lena n-áirítear na nósanna imeachta agus na foirmeacha a bhfuil an t-údarás ag gach ceann de na pointí rochtana sin a chur i bhfeidhm;

(d) athruithe teicniúla ar e-CODEX agus gnéithe nua a chur leis, a fhoilsítear mar leaganacha nua de e-CODEX, chun freagairt do cheanglais atá ag teacht chun cinn agus arna leagtar síos leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5(2) nó ag an nGrúpa Comhairleach e-CODEX;

(e) gníomhaíochtaí tástála a chomhordú agus tacú leo, lena n-áirítear nascacht, lena mbaineann pointí rochtana údaraithe e-CODEX;

(f) tacaíocht theicniúil do na comhfhreagraithe e-CODEX i ndáil leis an gcóras e-CODEX;

(g) na samhlacha próisis gnó, na teimpléid lena sainítear formáid leictreonach na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus bailiúchán réamhshainithe bunúsach na samhlacha sonraí a choinneáil ar bun agus a dháileadh ar na pointí rochtana údaraithe e-CODEX;

(h) liosta de phointí rochtana údaraithe e-CODEX a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin eu-LISA, pointí rochtana ar tugadh fógra do eu-LISA ina leith, agus na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann de chuid gach ceann de na pointí rochtana sin a bhfuil an t-údarás acu a chur i bhfeidhm;

(i) freagairt d'iarrataí ar chomhairle agus tacaíocht theicniúil ó sheirbhísí an Choimisiúin i gcomhthéacs ullmhú na ngníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 5(2);

(j) na samhlacha próisis gnó nua, agus na teimpléid lena sainítear formáid leictreonach na ndoiciméad dá dtagraítear in Airteagal 4(3) a ullmhú agus a dháileadh ar phointí rochtana údaraithe e-CODEX, lena n-áirítear trí shaotharlanna a eagrú agus a éascú le comhfhreagraithe e-CODEX.

3. Beidh eu-LISA freagrach as na cúraimí breise seo a leanas:

(a) an bonneagar crua-earraí agus bogearraí TF is gá chun a chúraimí a dhéanamh a sholáthar, a oibriú agus a choinneáil ar bun ar shuíomhanna teicniúla eu-LISA;

(b) ardán lárnach tástála a sholáthar, a oibriú agus a choinneáil ar bun;

(c) an pobal i gcoitinne a choinneáil ar an eolas tríd an Idirlíon faoi e-CODEX, trí bhíthin sraith cainéal cumarsáide mórscála, mar shampla suíomhanna gréasáin nó ardáin na meán sóisialta;

(d) faisnéis neamhtheicniúil i ndáil leis an gcóras e-CODEX agus na gníomhaíochtaí a dhéanann eu-LISA a ullmhú, a nuashonrú agus a dháileadh ar líne.

4. Cuirfidh eu-LISA acmhainní ar fáil ar bhonn glao-dhualgais le linn uaireanta gnó chun pointe aonair teagmhála a sholáthar, ar dó a bhféadfaidh na pointí rochtana údaraithe e-CODEX fógra a thabhairt maidir le saincheisteanna slándála. Tar éis dó fógraí den sórt sin a fháil, déanfaidh eu-LISA anailís ar an tsaincheist slándála agus, más gá, tabharfaidh sé fógra do na pointí rochtana údaraithe e-CODEX a n-imreoidh an tsaincheist slándála sin tionchar orthu.

*Airteagal 7*
*Freagrachtaí na mBallstát*

1. Déanfaidh na Ballstáit liosta de phointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú laistigh dá gcríoch, agus liosta de na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann a choinneáil ar bun chomh maith le foirmeacha a bhfuil an t-údarás ag gach pointe rochtana iad a chur i bhfeidhm. Déanfaidh siad na hathruithe a fhógairt do eu-LISA gan mhoill, gan dochar don fhógra bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 14.

2. Déanfaidh gach Ballstát suas le cúig chomhfhreagraí e-CODEX a ainmniú. Ní bheidh ach na comhfhreagraithe sin amháin i dteideal an tacaíocht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(f) a iarraidh agus a fháil.

*Airteagal 8*
*Freagrachtaí na n-eintiteas a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú acu*

1. An t-eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige, beidh sé freagrach as bunú agus oibriú slán an eintitis. Ar an bhfreagracht sin beidh na coigeartuithe is gá ar an nascóir dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(b) chun é a dhéanamh comhoiriúnach le haon chórais nasctha agus aon oiriúnuithe teicniúla eile is gá ar a chórais nasctha.

2. An t-eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige, déanfaidh sé foráil maidir le sásra ina gcórais nasctha lena gceadaítear lena gceadaítear aisghabháil sonraí ábhartha maidir le nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann a aisghabháil i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

3. An fhreagracht as aon damáiste a eascraíonn as oibriú pointe rochtana údaraithe e-CODEX agus as aon chórais nasctha, is ar an eintiteas a bhfuil an pointe rochtana údaraithe e-CODEX sin á oibriú aige a bheidh an fhreagracht.

*Airteagal 9*
*Aistriú agus táthcheangal*

1. An t-eintiteas a bhfuil an córas e-CODEX á oibriú aige, faoin 31 Nollaig 2022 ar a dhéanaí, cuirfidh sé comhdhoiciméad aistrithe faoi bhráid eu-LISA ina sonrófar na socruithe mionsonraithe le haghaidh aistriú an chórais e-CODEX, lena n-áirítear na critéir le haghaidh próiseas rathúil aistrithe agus cur i gcrích agus an doiciméadú gaolmhar, arna bhunú leis na gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 5(1)(c), lena n-áirítear forálacha maidir le cearta maoine intleachtúla nó cearta úsáide a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus na bogearraí tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn II a fhágann gur féidir le eu-LISA a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 6.

2. Le linn tréimhse nach faide ná sé mhí tar éis an doiciméad aistrithe dá dtagraítear i mír 1 a sheachadadh, beidh próiseas aistrithe/táthcheangail ann idir an t-eintiteas a bhfuil an córas e-CODEX á bhainistiú aige agus eu-LISA. Le linn na tréimhse sin, leanfaidh an t-eintiteas a bhfuil an córas e-CODEX á bhainistiú aige de bheith lánfhreagrach as an gcóras e-CODEX agus áiritheoidh sé nach ndéanfar ach gníomhaíochtaí cothabhála ceartaitheacha sa chóras, agus gan aon chineál athruithe eile ar an gcóras a dhéanamh. Go háirithe, ní dhéanfaidh sé aon eisiúint nua den chóras e-CODEX a sheachadadh.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an bpróiseas aistrithe/táthcheangail chun a áirithiú go ndéanfaidh an t-eintiteas a bhfuil an córas e-CODEX agus eu-LISA á mbainistiú aige socruithe mionsonraithe an phróisis a chur chun feidhme mar is ceart, ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i mír 1.

4. Glacfaidh eu-LISA freagracht as an gcóras e-CODEX ar láimh ar an dáta a dhéanfaidh an Coimisiún cur i gcrích rathúil an phróisis aistrithe/táthcheangail dá dtagraítear i mír 2 a fhógairt agus ar dháta nach luaithe ná an 1 Iúil 2023.

*Airteagal 10*
*Slándáil*

1. Tar éis don chóras e-CODEX a bheith táthcheangailte go rathúil, is é eu-LISA a bheidh freagrach as leibhéal ard slándála a choinneáil ar bun le linn dó a chúraimí a dhéanamh, lena n-áirítear slándáil bhonneagar TF na gcrua-earraí agus na mbogearraí dá dtagraítear in Airteagal 6(3). Go háirithe, áiritheoidh eu-LISA go ndéanfar plean slándála maidir le e-CODEX a bhunú agus a choinneáil ar bun agus go n-oibreofar an córas e-CODEX i gcomhréir leis an bplean slándála sin, agus aicmiú na faisnéise a phróiseáiltear in e-CODEX agus rialacha slándála faisnéise eu-LISA á gcur san áireamh. I bplean den sórt sin, déanfar foráil maidir le cigireachtaí slándála agus iniúchtaí rialta lena n-áirítear measúnuithe ar shlándáil bhogearraí an chórais e-CODEX le rannpháirtíocht na n-eintiteas a bhfuil pointe rochtana e-CODEX á oibriú acu.

2. Agus a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige, cuirfidh eu-Lisa chun feidhme prionsabail na slándála trí dhearadh agus cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Ní dhéanfar faisnéis rúnaicmithe a thraschur trí e-CODEX, mura ndéanann eu-LISA an córas a chreidiúnú agus mura ndéanann údaráis slándála náisiúnta inniúla na mBallstát na pointí rochtana a chreidiúnú.

3. An t-eintiteas a bhfuil an pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige, beidh an fhreagracht eisiach air as slándáil an phointe rochtana sin, lena n-áirítear slándáil na sonraí a tharchuirtear tríd.

Cuirfidh sé fógra gan mhoill maidir le haon saincheist slándála chuig eu-LISA agus chuig an mBallstát a bhfuil an liosta de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX á choinneáil ar bun aige san áit ina bhfuil an pointe rochtana sin liostaithe, nó, i gcás pointe rochtana atá á oibriú ag institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, chuig an gCoimisiún.

Forbróidh eu-LISA rialacha agus treoir slándála maidir le pointí rochtana e-CODEX. An t-eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige, soláthróidh sé ráitis do eu-LISA lena gcruthaítear go bhfuil na rialacha maidir le slándáil pointí rochtana e-CODEX á gcomhlíonadh aige. Déanfar na ráitis sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil, nó aon uair a éilítear athrú ar shlí eile.

*Airteagal 11*
*An Grúpa Comhairleach e-CODEX*

1. Amhail ón 1 Eanáir 2023, an Grúpa Comhairleach e-CODEX arna bhunú de bhun Airteagal 27(dc) de Rialachán (AE) 2018/1726, soláthróidh sé an saineolas is gá a bhaineann leis an gcóras e-CODEX do eu-LISA, go háirithe i gcomhthéacs a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a ullmhú. Déanfaidh sé an obair leantach a bhaineann le staid an chur chun feidhme sna Ballstáit. Cuirfear an Grúpa Comhairleach ar an eolas faoi aon saincheist slándála.

2. Le linn an phróisis aistrithe/táthcheangail tiocfaidh an Grúpa Comhairleach e-CODEX le chéile go tráthrialta, gach dara mí ar a laghad, go dtí go gcuirfear an próiseas táthcheangail i gcrích go rathúil.

3. Tabharfaidh an Grúpa Comhairleach e-CODEX tuairisc do Bhord Bainistíochta an Chláir tar éis gach cruinnithe. Cuirfidh sé saineolas teicniúil ar fáil chun tacú le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir agus déanfaidh sé an obair leantach a bhaineann le staid an chur chun feidhme sna Ballstáit.

4. Déanfaidh an Grúpa Comhairleach e-CODEX deimhin de go mbeidh na heagraíochtaí gairmiúla agus na páirtithe leasmhara rannpháirteach ina chuid oibre, eagraíochtaí a bhí rannpháirteach i mbainistiú an chórais e-CODEX tráth a aistrithe.

*Airteagal 12*
*Bord Bainistíochta an Chláir*

1. Faoin 1 Eanáir 2023, bunóidh Bord Bainistíochta eu-LISA Bord Bainistíochta an chláir e-CODEX ar a mbeidh deichniúr comhaltaí.

2. Ar Bhord Bainistíochta an Chláir, beidh ochtar comhaltaí a cheapfaidh an Bord Bainistíochta, Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairligh dá dtagraítear in Airteagal 11 agus comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún. Na comhaltaí a cheapfaidh sé chuig Bord Bainistíocha an Chláir, áiritheoidh an Bord Bainistíochta go mbeidh an taithí agus an saineolas is gá acu maidir leis an gcóras e-CODEX.

3. Beidh eu-LISA rannpháirteach in obair Bhord Bainistíochta an Chláir. Chuige sin, freastalóidh ionadaithe de chuid eu-LISA ar chruinnithe Bhord Bainistíochta an Chláir chun tuaraisciú ar obair a bhaineann leis an gcóras e-CODEX agus ar aon obair ghaolmhar agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile.

4. Tiocfaidh Bord Bainistíochta an Chláir le chéile uair amháin gach trí mhí ar a laghad, agus níos minice ná sin nuair is gá. Áiritheoidh sé go ndéanfar an chóras e-CODEX a bhainistiú go leordhóthanach, go háirithe le linn an phróisis aistrithe/táthcheangail agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 5(2). Cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir tuarascálacha i scríbhinn faoi bhráid Bhord Bainistíochta eu-LISA go tráthrialta, agus gach dara mí más féidir, maidir le dul chun cinn an tionscadail. Ní bheidh aon chumhacht cinnteoireachta ná aon sainordú chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta ag Bord Bainistíochta an Chláir.

5. Déanfaidh Bord Bainistíochta an Chláir a rialacha nós imeachta a bhunú lena n-áireofar go háirithe rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an cathaoirleach a roghnú;

(b) ionaid le haghaidh cruinnithe;

(c) Cruinnithe a ullmhú;

(d) cead isteach a thabhairt do shaineolaithe freastal ar na cruinnithe, lena n-áirítear eagraíochtaí gairmiúla agus páirtithe leasmhara eile, eagraíochtaí agus páirtithe leasmhara a bhí rannpháirteach i mbainistiú an chórais e-CODEX tráth a aistrithe;

(e) pleananna cumarsáide a áiritheoidh go gcoimeádfar comhaltaí an Bhoird Bainistíochta nach mbíonn rannpháirteach sna cruinnithe go hiomlán ar an eolas.

6. Beidh cathaoirleacht Bhord Bainistíochta an Chláir ag Ballstát atá faoi cheangal go hiomlán ag na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a úsáideann e-CODEX laistigh dá raon feidhme, agus atá faoi cheangal go hiomlán ag na gníomhartha dlí lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras mórscála TF uile chomh maith atá á mbainistiú ag eu-LISA .

7. Íocfaidh eu-LISA as gach costas taistil agus cothabhála a thabhóidh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta eu-LISA.

8. Déanfaidh eu-LISA rúnaíocht Bhord Bainistíochta an Chláir a áirithiú.

*Airteagal 13*
*Oiliúint*

Déanfaidh eu-LISA cúraimí i dtaca le hoiliúint a chur ar fáil in úsáid theicniúil an chórais e-CODEX i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1726, lena n-áirítear ábhar oiliúna ar líne a sholáthar.

*Airteagal 14*
*Fógra a thabhairt*

1. Faoin 31 Eanáir gach bliain tar éis do eu-LISA an córas e-CODEX a tháthcheangal go rathúil, tabharfaidh na Ballstáit fógra do eu-LISA maidir leis an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) liosta de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú laistigh dá gcríoch, agus liosta de na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann

agus na foirmeacha a bhfuil an t-údarás ag gach pointe rochtana e-CODEX iad a chur i bhfeidhm, mar a dtagraítear dó in Airteagal 7(1);

(b) liosta de na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann a bhaineann siad úsáid as córas e-CODEX lena n-aghaidh, agus a mhéid is féidir an córas e-CODEX a úsáid le haghaidh gach ceann de na nósanna imeachta sin;

(c) líon na dteachtaireachtaí a chuireann agus a fhaigheann gach pointe rochtana údaraithe e-CODEX atá á oibriú ina gcríoch, arna ngrúpáil de réir pointe rochtana údaraithe comhfhreagrach agus de réir an nós imeachta sibhialta agus coiriúil trasteorann;

(d) líon agus cineál na dteagmhas ar tháinig na heintitis orthu, eintitis a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú acu laistigh de chríoch an Bhallstáit agus a imríonn tionchar ar shlándáil an chórais e-CODEX.

2. Faoin 31 Eanáir gach bliain tar éis do eu-LISA an córas e-CODEX a tháthcheangal, tabharfaidh an Coimisiún fógra do eu-LISA maidir leis an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) liosta de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX atá á n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus liosta de na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla agus na foirmeacha trasteorann a bhfuil an t-údarás ag gach pointe rochtana e-CODEX iad a chur i bhfeidhm, dá dtagraítear in Airteagal 5(4);

(b) liosta de na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann a bhaineann siad úsáid as córas e-CODEX lena n-aghaidh, agus a mhéid is féidir an córas e-CODEX a úsáid le haghaidh gach ceann de na nósanna imeachta sin;

(c) líon na dteachtaireachtaí a chuireann agus a fhaigheann gach pointe rochtana údaraithe e-CODEX atá á oibriú ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, arna ngrúpáil de réir pointe rochtana údaraithe comhfhreagrach agus de réir an nós imeachta sibhialta agus coiriúil trasteorann;

(d) líon agus cineál na dteagmhas ar tháinig na heintitis orthu, eintitis a bhfuil pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú acu atá á n-oibriú ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus a imríonn tionchar ar shlándáil an chórais e-CODEX.

*Airteagal 15*
*Faireachán agus tuairisciú*

1. Den chéad uair dhá bhliain tar éis dó freagracht as an gcóras e-CODEX a ghlacadh, agus gach dara bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoi fheidhmiú teicniúil agus faoi úsáid an chórais e-CODEX, lena n-áirítear slándáil an chórais.

2. Déanfaidh eu-LISA na sonraí a fhaightear ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit a chomhdhlúthú de bhun Airteagal 14 agus cuirfidh sé na táscairí seo a leanas isteach mar chuid den tuarascáil dá bhforáiltear i mír 1:

(a) líon na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann, agus liosta díobh, ar úsáideadh an córas e-CODEX lena n-aghaidh le linn na tréimhse tuairiscithe;

(b) líon na bpointí rochtana údaraithe e-CODEX i ndáil le gach Ballstát agus gach nós imeachta sibhialta agus coiriúil;

(c) céimeanna na nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann ar féidir córas e-CODEX a úsáid ina leith, i ndáil le gach Ballstáit;

(d) líon na dteachtaireachtaí a sheoltar tríd an gcóras i ndáil le gach nós imeachta sibhialta agus coiriúil idir gach ceann de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX;

(e) líon agus cineál na dteagmhas a imríonn tionchar ar shlándáil an chórais e-CODEX agus faisnéis maidir le plean slándála e-CODEX a chomhlíonadh.

3. Den chéad uair, trí bliana tar éis do eu-LISA freagracht a ghlacadh as an gcóras e-CODEX, agus gach ceathrú bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar an gcóras e-CODEX. Sa mheastóireacht fhoriomlán sin beidh measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus scrúdú ar na torthaí a baineadh amach i gcoinne na gcuspóirí a leagadh síos, agus féadfar gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a bheith inti. Ar uair na chéad mheastóireachta, déanfaidh an Coimisiún athscrúdú freisin ar ról Bhord Bainistíochta an Chláir agus ar a dtiocfaidh ina dhiaidh sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 16*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2018/1726*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas, 4a, leis:

'4a. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as forbairt, bainistiú oibríochtúil an chórais ríomhairithe, lena n-áirítear éabhlóidí teicniúla, le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX.)';

(2) cuirtear Airteagal 8b isteach mar a leanas:

'Airteagal 8b

Cúraimí a bhaineann leis an gcóras e-CODEX

I ndáil leis an gcóras e-CODEX, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

(a) na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. XXX/20XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

(b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil an chórais e-CODEX, lena n-áirítear ábhar oiliúna ar líne a sholáthar.

___

* maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L …).';

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar na forbairtí i dtaighde is ábhartha do bhainistiú oibríochtúil SIS II, VIS, Eurodac, EES, ETIAS, DubliNet, ECRIS-TCN, e-CODEX agus córais mhórscála TF eile dá dtagraítear in Airteagal 1(5).'

(4) in Airteagal 19, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ff):

'(ff) tuarascálacha a ghlacadh ar fheidhmiú teicniúil an mhéid seo a leanas:

(i) SIS de bhun Airteagal 60(7) de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Airteagal 74(8) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**;

(ii) VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB;

(iii) EES de bhun Airteagal 72(4) de Rialachán (AE) 2017/2226;

(iv) ETIAS de bhun Airteagal 92(4) de Rialachán (AE) 2018/1240;

(v) ECRIS-TCN agus bogearraí tagartha do chur chun feidhme ECRIS de bhun Airteagal 36(8) de Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***;

(vi) na comhpháirteanna idir-inoibritheachta de bhun Airteagal 78(3) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(3) de Rialachán (AE) 2019/818;

(vii) an córas e-CODEX de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) XXX de 20XX [*an Rialachán seo*]

__________

* Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

** Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún. (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

*** Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).' ;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (mm):

'(mm) foilsiú bliantúil an mhéid seo a leanas a áirithiú:

(i) an liosta de na húdaráis inniúla a údaraítear chun na sonraí atá in SIS a chuardach go díreach, de bhun Airteagal 41(8) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 56(7) de Rialachán (AE) 2018/1862, maille le liosta d'Oifigí chórais náisiúnta SIS (N.SIS) agus liosta de Bhiúrónna

SIRENE de bhun Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) 2018/1862 faoi seach;

(ii) an liosta de na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) 2017/2226;

(iii) an liosta de na húdaráis inniúla de bhun Airteagal 87(2) de Rialachán (AE) 2018/1240;

(iv) an liosta de na húdaráis lárnacha de bhun Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2019/816;

(v) an liosta de na húdaráis de bhun Airteagal 71(1) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2019/818;

(vi) an liosta de na pointí rochtana údaraithe e-CODEX de bhun Airteagal 6(2)(h) de Rialachán (AE) XXX an 20XX [maidir leis an gcóras e-CODEX – an Rialachán seo];';

(5) in Airteagal 27(1), cuirtear isteach pointe (dc) mar a leanas:

'(dc) Grúpa Comhairleach e-CODEX;'.

# CAIBIDIL 3
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 17*
*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 18*
*Costais*

1. Is as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a sheasfar na costais a thabhófar i gcomhlíonadh na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 6.

2. Is iad na Ballstáit agus na heintitis a bhfuil na pointí rochtana údaraithe e-CODEX á n-oibriú acu faoi seach a sheasfaidh costais na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8.

*Airteagal 19*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. CREAT AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

### 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

### 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. CREAT AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid i nósanna imeachta sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Cnuasach clár)*

Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna Sóisialta, Ceartas, Cearta agus Luachanna

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

**☐ beart nua**

**☐ beart nua a leanann tionscadal píolótach/réamhbheart**[39]

**☒ síneadh le beart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é is aidhm don togra dlí seo an córas e-CODEX a bhunú agus a bhainistiú oibríochtúil a chur de chúram ar eu-LISA (‘an Ghníomhaireacht’), agus éabhlóidí teicniúla breise ar an gcóras laistigh de fhreagrachtaí na Gníomhaireachta a leagtar síos in Airteagal 6.

D’fhorbair 21 Bhallstát den Aontas, le rannpháirtíocht tíortha/críoch agus eagraíochtaí eile, e-CODEX idir 2010 agus 2016. Thart ar EUR 24 mhilliún a bhí sa chostas iomlán ar an gcóras a fhorbairt, ar maoiníodh 50 % de le deontais ón Aontas agus ar mhaoinigh na Ballstáit rannpháirteacha 50 % de. Bronnadh EUR 2 mhilliún sa bhreis as e-CODEX a choinneáil ar bun idir 2016 agus 2018 (tionscadal Me-CODEX) agus cuireadh EUR 3 mhilliún sa bhreis ar fáil trí dheontas chun an córas a choinneáil ar bun idir 2019 agus 2021 (tionscadal Me-CODEX II). Tá sé beartaithe go ndéanfar e-CODEX a aistriú chuig eu-LISA sa chéad leath de 2023. Dá bhrí sin, beidh gá le tionscadal cothabhála breise chun riachtanais chothabhála an chórais a chumhdach sa tréimhse 2021-2023.

Agus gach Ballstát ag feidhmiú pointe rochtana amháin nó níos mó ná sin, tá an córas á oibriú ag a úsáideoirí (na Ballstáit) ar bhealach díláraithe agus leanfaidh siad de sin. Chun pointe rochtana a bhunú, bhainfeadh Ballstát úsáid as na táirgí bogearraí atá á gcoinneáil ar bun ag eu-LISA agus gheobhaidh sé cúnamh teicniúil ó eu-LISA le linn chéimeanna suiteála agus cumraíochta an phointe rochtana. Cuirfidh eu-LISA tacaíocht ar fáil freisin le haghaidh imscaradh oibríochtúil pointí rochtana.

Ról an Choimisiúin a bhaineann le beartas, coinníonn sé ar bun é i dtaca le faireachán agus stiúradh a dhéanamh ar an obair atá ar siúl in eu-LISA, agus eilimintí

[39] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

ardleibhéil den chóras e-CODEX á sainiú trí ghníomhartha cur chun feidhme agus obair á déanamh i dtreo bhunú an chórais e-CODEX ina chainéal cumarsáide slán a úsáidfear le haghaidh an chomhair bhreithiúnaigh i gcomhthéacs liosta na n-imeachtaí breithiúnacha san Aontas.

Ceanglas gearrthéarmach: eu-LISA a bheith oibríochtúil i ndáil le forghníomhú na gcúraimí a sainítear in Airteagal 6 faoin 30 Meitheamh 2023.

Ceanglas fadtéarmach: Bunú céimneach an chórais e-CODEX ina phríomhréiteach digiteach le haghaidh an chomhair trasteorann idir údaráis bhreithiúnacha agus nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann san Aontas Eorpach.

*1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a eascraíonn as idirghníomhú an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*): Mura ndéanfaidh an tAontas beart, tá baol ann go bhforbróidh na Ballstáit córais TF náisiúnta go neamhspleách, rud as a n-eascródh easpa idir-inoibritheachta eatarthu. Is iad bainistiú oibríochtúil agus forbairtí teicniúla breise ar leibhéal an Aontais an t-aon bhealach le córas idir-inoibritheach a bhaint amach le haghaidh cumarsáid trasteorann idir údaráis bhreithiúnacha.

Breisluach ionchasach AE (*ex-post*): Taispeánann na scéimeanna píolótacha e-CODEX a rinne na Ballstáit an poitéinseal a d'fhéadfadh a bheith ag an gcóras maidir le digitiú a dhéanamh ar nósanna imeachta cosúil leis an Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga nó an tOrdú Íocaíochta Eorpach i réimse an dlí shibhialta, nó chun iarrataí ar Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach nó Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha a mhalartú sa réimse coiriúil.

Agus e-CODEX á bhainistiú ag eu-LISA, rannchuideofar le deireadh a chur leis na tosca sriantacha seo trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Réiteach réamhdhéanta a sholáthar lena nginfear barainneacht scála, toisc nach mbeidh ar an Aontas ach réiteach TF amháin a choinneáil ar bun le haghaidh cumarsáid shlán trasteorann sa réimse breithiúnach. Dá bhrí sin, táthar ag súil leis go dtiocfaidh laghdú ar chostais digitithe a nósanna imeachta trasteorann agus nach mbeidh siad ina mbacainn chomh mór agus atá. I gcás nach bhfuil uirlisí ar fáil ag na Ballstáit chun ceanglais an chórais a chomhlíonadh, d'fhéadfadh an tAontas samhail tagartha le haghaidh cur chun feidhme, arna bhunú ar e-CODEX, a chur ar fáil.

Má bhunaítear e-CODEX mar réiteach cobhsaí inbhuanaithe tabharfaidh sé muinín do na Ballstáit nach mbeidh infheistíochtaí i gcórais áitiúla atá le nascadh le e-CODEX gearrshaolach agus, dá bhrí sin, go mbeidh siad ábalta an toradh ar infheistíocht a bhfuiltear ag súil leis a ghiniúint.

D'fhéadfadh tograí reachtacha breise de chuid an Aontais maidir le próisis bhreithiúnacha a dhigitiú a léiriú cheana féin gurb é e-CODEX an córas TF is fearr le haghaidh cumarsáid trasteorann, rud a d'éascódh an próiseas cur chun feidhme ar ball.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Gan struchtúr rialachais agus leagan amach oibríochtúil atá cobhsaí agus atá sainithe go soiléir, ní thagann aon athrú go deo ar an stádas píolótach a bhíonn ag córais cosúil le e-CODEX chun fíor-bhreisluach AE a chur ar fáil, fiú má mheasann na rannpháirtithe go léir go bhfuil siad thar a bheith úsáideach.

*1.4.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an tionscnamh ann chun tacú le digitiú liosta gníomhartha dlíthiúla a glacadh i réimse an chomhair bhreithiúnaigh trí chuidiú le bealach cumarsáide slán a bhunú idir na húdaráis inniúla a bhfuil baint acu lena gcur i bhfeidhm.

Tá an córas e-CODEX ar cheann de na príomh-chomhpháirteanna de bheartas r-Cheartais an Choimisiúin chun feabhas a chur ar rochtain ar cheartas agus ar éifeachtúlacht an cheartais sna Ballstáit agus idir na Ballstáit agus áirítear é i bplean gníomhaíochta Eorpach r-Cheartais 2019-2023[40]. I gcomhthéacs Margadh Aonair Digiteach arb é is aidhm dó bonneagair agus seirbhísí ardluais slána iontaofa a sholáthar, ba chuid de Phlean Gníomhaíochta r-Rialtais 2016 iad réitigh chun an r-Cheartas a ghlacadh[41.] Leis an tairseach don r-Cheartas, atá ina hionad ilfhreastail le haghaidh faisnéis bhreithiúnach san Aontas, tugtar an deis do shaoránaigh i mBallstáit ina gceadaítear tarchur leictreonach éilimh bheaga ar orduithe íocaíochta Eorpacha a chur isteach go leictreonach agus úsáid á baint as an gcóras e-CODEX.

Ceann de na Bonneagair Seirbhísí Digiteacha r-Cheartais laistigh den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE)[42] is ea e-CODEX.

Thairis sin, ghlac an Coimisiún ceann amháin de chomhpháirteanna e-CODEX agus cothaíonn siad é mar chuid den bhloc tógála r-Sheachadta laistigh den SCE, rud a léiríonn gur córas úsáideach é ní hamháin le haghaidh an cheartais ach i réimsí eile freisin.

Go dtí seo forbraíodh agus cothaíodh e-CODEX le maoiniú nó cómhaoiniú ón Aontas. Le glacadh an togra seo, ní bheidh gá a thuilleadh le maoiniú breise le deontais, rud a fhágfaidh go coigiltis ar chostais le haghaidh bhuiséad an Aontais.

I dtéarmaí sineirgí, áiritheofar leis an togra seo gur féidir le Ballstáit den Aontas tairbhe a bhaint as na hinfheistíochtaí a rinneadh cheana chun an córas e-CODEX a chruthú agus gur féidir leo tabhú costas breise a sheachaint d'fhonn córas eile a fhorbairt chun an riachtanas céanna gnó a chomhlíonadh sa réimse breithiúnach.

---

40 Plean Gníomhaíochta 2019-2023 um an r-Cheartas Eorpach (IO C 96, 13.3.2019, lch. 9).

41 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta r-Rialtais an Aontais Eorpaigh 2016-2020 – Dlús a chur le claochlú digiteach rialtais, COM(2016) 179 final.

42 Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 680/2007 agus (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

## 1.5. Fad agus tionchar airgeadais

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le linn na tréimhse tosaigh ó 2022 go 2023,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[43]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ trína ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trína ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin.

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☒ na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Áiritheoidh eu-LISA bainistiú oibríochtúil an chórais e-CODEX de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán seo. |

[43] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Le hAirteagal 15 den Rialachán – Faireachán agus tuairisciú – leagtar amach an oibleagáid atá ar an nGníomhaireacht a ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcóras e-CODEX a thuairisciú don Choimisiún.

Tá an uirlis shonrach sin ann chun cur leis na sásraí atá ann cheana a leagtar amach in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2018/1726 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ní dhéanann an Rialachán seo difear do na modhanna bainistíochta atá ann cheana i gcás lena bhfuil baint ag an nGníomhaireacht.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun iad a mhaolú*

An príomhriosca sa ghearrthéarma is ea an éiginnteacht an bhfuil sé d'acmhainn ag eu-LISA déileáil go tráthúil leis na cúraimí breise a eascraíonn as an Rialachán seo, i bhfianaise na gcúraimí tosaíochta atá air faoi láthair maidir le forbairt agus bainistiú an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS), an Chórais Faisnéise Eorpaigh um Thaifid Choiriúla le haghaidh náisiúnaigh tríú tír (ECRIS-TCN), Chóras Faisnéise Schengen nuachóirithe (SIS), an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) agus Eurodac.

Maolaítear an riosca sin trí mhoill a chur ar dheireadh chéim aistrithe e-CODEX chuig eu-LISA go dtí an 1 Iúil 2023, agus toisc go bhfuil raon feidhme an aistrithe atá beartaithe faoin Rialachán seo measartha beag, agus nach roinntear acmhainní leo siúd a bhfuil baint acu le tograí dlíthiúla eile atá fós ar siúl agus go bhfuil siad neamhspleách orthu.

*2.2.3. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

Mar Ghníomhaireacht de chuid an Aontais, cuireann eu-LISA modhanna rialaithe cothrománacha i bhfeidhm le haghaidh gníomhaireachtaí díláraithe.

I Rialacha Airgeadais eu-LISA, atá bunaithe ar an Rialachán Réime Airgeadais le haghaidh gníomhaireachtaí, leagtar amach na ceanglais maidir le hiniúchóir inmheánach a cheapadh agus maidir le hiniúchóireacht inmheánach a dhéanamh.

Aon ghníomh cur chun feidhme lena leathnaítear na nósanna imeachta breithiúnacha arna gcumhdach le e-CODEX, áireofar ráiteas airgeadais reachtach athbhreithnithe ann lena n-áiritheofar go sannfar na hacmhainní iomchuí airgeadais agus daonna do eu-LISA.

Cuireann eu-LISA Creat Rialaithe Inmheánaigh chun feidhme bunaithe ar Chreat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh agus ar chreat comhtháite rialaithe inmheánaigh Choiste bunaidh na nEagraíochtaí Urraíochta. Sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair, ní mór faisnéis a sholáthar faoi na córais rialaithe inmheánaigh, fad atá gá sa Tuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochta

(CAAR) le faisnéis faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear faisnéis maidir le measúnú riosca.

Cuireann Cumas Iniúchóireachta Inmheánaí eu-LISA maoirseacht ar fáil freisin, ar bhonn plean iniúchóireachta bliantúil agus measúnú rioscaí in eu-LISA á chur san áireamh go háirithe.

*2.2.4. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chost-éifeachtúlacht na rialuithe atá ann cheana i gcás lena bhfuil baint ag an nGníomhaireacht.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Mar Ghníomhaireacht de chuid an Aontais, cuireann eu-LISA bearta cothrománacha leordhóthanacha i bhfeidhm chun calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chosc, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1726.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Méid […][Ceannteideal………………………... ……………] | LD/LN[44]. | ó thíortha de chuid CSTE[45] | ó thíortha is iarrthóirí[46] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| 2 | 07 07<br>Ceartas | LN | Líon | Líon | Líon | Líon |
| 7 | 20 01<br>Caiteachas riaracháin an Choimisiúin | LN | Líon | Líon | Líon | Líon |

[44] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[45] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[46] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **2** | 'Comhtháthú agus Luachanna' |

| **eu-LISA** | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1: An córas e-CODEX a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh | Gealltanais | (1) | **0** | **0.053** | **1.430** | **1.831** | **1.831** | **1.789** | **1.789** | **1.789** | **8.723** |
| | Íocaíochtaí | (2) | **0** | **0.053** | **1.430** | **1.831** | **1.831** | **1.789** | **1.789** | **1.789** | **8.723** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | Gealltanais | =1+1a +3a | **0** | **0.053** | **1.430** | **1.831** | **1.831** | **1.789** | **1.789** | **1.789** | **8.723** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3a | **0** | **0.053** | **1.430** | **1.831** | **1.831** | **1.789** | **1.789** | **1.789** | **8.723** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin an Choimisiúin' |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **AS um Cheartas agus Tomhaltóirí** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | 0 | 0.075 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | **0.825** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0 | 0.084 | 0.007 | 0.007 | 0.007 | 0.007 | 0.007 | 0.007 | **0.119** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **0** | **0.159** | **0.157** | **0.157** | **0.157** | **0.157** | **0.157** | **0.157** | **0.944** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0 | 0.212 | 1.587 | 1.988 | 1.988 | 1.946 | 1.946 | 1.946 | **9.667** |
| | Íocaíochtaí | 0 | 0.212 | 1.587 | 1.988 | 1.988 | 1.946 | 1.946 | 1.946 | **9.667** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair eu-LISA*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | **2021** | | **2022** | | **2023** | | **2024** | | **2025** | | **2026** | | **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **eu-LISA** ⇩ | Cineál[47] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1: An córas e-CODEX a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Foireann inmheánach – TA | TA ag 0,150 / bliain | | | | | | 2 | 0.300 | 2 | 0.300 | 2 | 0.300 | 2 | 0.300 | 2 | 0.300 | 10 | 1.500 |
| Foireann inmheánach – CA | CA FV IV / ag 0,08 / bliain | | | | 2 | 0.053 | 3 | 0.240 | 3 | 0.240 | 3 | 0.240 | 3 | 0.240 | 3 | 0.240 | 15 | 1.253 |

47 Táirgí agus seirbhísí atá le soláthar is ea aschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an méid ciliméadar de bhóithre a déantar, etc.).

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Soláthar – seirbhísí seachfhoinsithe | 8 soláthraí seirbhíse *intra muro* ag 0,120 / bliain | | | | | 4 | 0.480 | 8 | 0.960 | 8 | 0.960 | 8 | 0.960 | 8 | 0.960 | 36 | 4.320 |
| Cruinnithe den ghrúpa comhairleach | 0,021 in aghaidh an chruinnithe | | | | | 6 | 0.126 | 4 | 0.084 | 4 | 0.084 | 4 | 0.084 | 4 | 0.084 | 22 | 0.462 |
| Cruinnithe de Bhord Bainistíochta an Chláir | 0,021 in aghaidh an chruinnithe | | | | | 6 | 0.126 | 4 | 0.084 | 4 | 0.084 | 4 | 0.084 | 4 | 0.084 | 22 | 0.462 |
| Cruinnithe maidir le tuarascálacha ar dhul | 0,021 in aghaidh an chruinnithe | | | | | 2 | 0.042 | 4 | 0.084 | 4 | 0.084 | 2 | 0.042 | 2 | 0.042 | 14 | 0.294 |
| Ceardlannaum shamhlacha gnó | 0,021 in aghaidh na ceardlainne | | | | | 3 | 0.063 | 3 | 0.063 | 3 | 0.063 | 3 | 0.063 | 3 | 0.063 | 15 | 0.315 |
| Misin | 0,007 in aghaidh an mhisin | | | | | 4 | 0.003 | 8 | 0.006 | 8 | 0.006 | 8 | 0.006 | 8 | 0.006 | 36 | 0.027 |
| Táirgí crua-earraí agus bogearraí | | | | | | | 0.05 | | 0.01 | | 0.01 | | 0.01 | | 0.01 | | 0.09 |
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | **0.053** | | **1.430** | | **1.831** | | **1.831** | | **1.789** | | **1.789** | | **8.723** |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2: | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | |

5 FTE líon iomlán na mball foirne inmheánach a theastaíonn:

- Déanfaidh foireann inmheánach nua 5 FTE a áirithiú – beirt Ghníomhairí Sealadacha (AD 5-7) agus triúr Gníomhairí ar Conradh (FG IV);
- Earcófar 2 FTE (2 CA) cheana féin ón 1 Meán Fómhair 2022 chun tús a chur leis an bpróiseas earcaíochta agus chun a áirithiú go mbeidh an fhoireann iomlán ann ag tús an phróisis táthcheangail (an 1 Eanáir 2023).

Áiritheofar seirbhísí teicniúla trí sholáthraithe seirbhíse seachtracha a sholáthar (8 ar an iomlán tar éis an t-aistriú chuig eu-LISA a thabhairt i gcrích).

Ríomhtar costais bhreise maidir le cothabháil taistil agus cothabháil laethúil le haghaidh ionadaí amháin ó gach Ballstát chun freastal ar:

- 4 chruinniú den ghrúpa comhairleach in aghaidh na bliana[48];
- 4 chruinniú de chuid Bhord Bainistíochta an Chláir in aghaidh na bliana;
- 4 chruinniú maidir le tuarascálacha ar dhul chun cinn an tionscadail in aghaidh na bliana sa chéad trí bliana, arna laghdú go 2 cheann ina dhiaidh sin;
- 3 cheardlann samhaltaithe gnó in aghaidh na bliana.

Tá costais mhisin san áireamh chun ligean d'fhoireann eu-LISA freastal ar na cruinnithe coiste arna n-eagrú chun Gníomhartha Cur Chun Feidhme a ghlacadh de bhun Airteagal 5 den Rialachán.

Maidir le hAirteagal 6(3)(a) den Rialachán seo, tá i gceist go gcumhdófaí riachtanais oibríochtúla agus forlíonadh an bhonneagair crua-earraí atá ann cheana ag eu-LISA leis an gcostas le haghaidh táirgí crua-earraí agus bogearraí. I ndiaidh na hinfheistíochta tosaigh, úsáideadh ráta 20 % le haghaidh costais chothabhála (crua-earraí a athsholáthar, ceadúnais le haghaidh bogearraí, etc.). I dtéarmaí spás urláir san ionad sonraí, tá an úsáid diomaibhseach nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil na crua-earraí nua (má tá gá leo) teoranta do cheithre fhreastalaí lann sa phríomhláithreán agus an méid céanna i láithreán cúltaca.

48 Cuirfear leis sin in 2023 mar gheall ar an ngá atá le comhar méadaithe le linn na tréimhse aistrithe.

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | 0.075 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | **0.825** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0.084 | 0.007 | 0.007 | 0.007 | 0.007 | 0.007 | **0.119** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | 0.159 | 0.157 | 0.157 | 0.157 | 0.157 | 0.157 | **0.944** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[49] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0** | **0.159** | **0.157** | **0.157** | **0.157** | **0.157** | **0.157** | **0.944** |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon más gá le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

49 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (na seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Leis an gcaiteachas riaracháin cumhdaítear oifigeach AD amháin in Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí an Choimisiúin. Is iad seo a leanas a chuid príomhfheidhmeanna (féach a thuilleadh thíos):

- Formhaoirseacht a dhéanamh ar an obair i dtreo na ngníomhartha cur chun feidhme atá beartaithe in Airteagal 5, an próiseas aistrithe a eagrú agus gníomhú ina dhiaidh sin mar oifigeach idirchaidrimh beartais i leith na Gníomhaireachta;
- Costais mhisin le go bhfreastalódh foireann an Choimisiúin ar na cruinnithe a eagraíonn eu-LISA (10 / bliain – rannpháirtíocht sa Bhord Bainistíochta, i mBord Bainistíochta an Chláir agus i gcruinnithe de chuid Grúpa Comhairleach);
- Cothabháil taistil agus cothabháil laethúil le haghaidh ionadaí amháin ó gach Ballstát chun bheith rannpháirteach i gcruinnithe den choiste chun Gníomhartha Cur Chun Feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Rialachán a ghlacadh (beartaithe le haghaidh 2022).

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

**Achoimre ar Ghníomhaireacht eu-LISA**

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Blianta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | | 0.053 | 0.240 | 0.240 | 0.240 | 0.240 | 0.240 | **1.253** |
| Foireann shealadach | | | 0.300 | 0.300 | 0.300 | 0.300 | 0.300 | **1.500** |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **0.053** | **0.540** | **0.540** | **0.540** | **0.540** | **0.540** | **2.753** |

Tá 5 phearsanra inmheánach beartaithe (dhá Ghníomhaire Shealadacha agus trí Gníomhaire ar Conradh) chun na príomhchúraimí a chomhlíonadh. Is gá go mbeadh comhthiomsú acmhainní tiomnaithe ag an gcóras e-CODEX chun iomaíocht le haghaidh acmhainní le gníomhaíochtaí Gnóthaí Baile a sheachaint. Tá páirtithe leasmhara na mBallstát an-íogair maidir le saincheist leithdháileadh na n-acmhainní atá tiomnaithe don chóras e-CODEX a áirithiú.

Le cuidiú ó sholáthraithe seirbhíse seachtracha, beifear in ann cothabháil an chórais atá ann cheana, éabhlóidí breise an chórais e-CODEX amach anseo agus forleathnú céimneach thacaíocht e-CODEX chuig nósanna imeachta dlíthiúla i réimse an chomhair bhreithiúnaigh a bhainistiú leis na hacmhainní sin, ar luas ceann nó dhó in aghaidh na bliana, ag brath ar a chasta atá sé.

An tionchar measta ar an bhfoireann (FTE breise) – plean bunaíochta

| Grúpa feidhme agus grád | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD (TA) | 0 | 0 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| COMHIOMLÁN | 0 | 0 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |

An tionchar measta ar an bhfoireann (bhreise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí ar conradh | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | 0 | 2[50] | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| Iomlán | 0 | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |

I ndiaidh glacadh an Rialacháin a bhfuiltear ag súil leis faoin 1 Eanáir 2022, ní mór earcú an phríomhphearsanra a bheith críochnaithe faoin 1 Eanáir 2023 agus earcú pearsanra eile a bheith críochnaithe faoin 1 Iúil 2023. Beidh an príomhphearsanra ag obair sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 1 Iúil 2023 chun aistriú rathúil an chórais e-CODEX ó chuibhreannas na mBallstát e-CODEX a áirithiú. Ón 1 Iúil 2023 ar aghaidh, is í an Ghníomhaireacht amháin a bheidh freagrach as na gníomhaíochtaí go léir a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán.

**Achoimre na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí**

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [51]<br>Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Arna mhaoiniú as CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Arna maoiniú as imchlúda | - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |

50 Amhail ón 1 Meán Fómhair 2022.

51 AC = Ball Foirne ar Conradh; AL = Ball Foirne Áitiúil; END = Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht; INT= ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ch an chláir[52] | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | Beidh baint ag foireann na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí le rialachas beartais na hoibre a dhéanfaidh eu-LISA, ina fhaireachán, agus chomh maith leis sin in ullmhú na ngníomhartha cur chun feidhme is gá arna sainordú leis an Rialachán (2022).<br>Go háirithe, i gcás ina bhfuil an córas e-CODEX i gceist,<br>- gnéithe oibríochtúla agus beartais de ghníomhaíocht na Gníomhaireachta a shainiú, a chur chun feidhme agus a chomhordú;<br>- anailís agus trácht a dhéanamh ar gach doiciméad a chuirtear faoi bhráid an Ghrúpa Chomhairligh e-CODEX (AG), Bhord Bainistíochta an Chláir, agus, i gcás inarb ábhartha, Bhord Bainistíochta eu-LISA (MB);<br>- an rannpháirtíocht, an rannpháirtíocht sa tuarascáil ar dhul chun cinn agus obair leantach ina diaidh, cruinnithe AG agus MB a ullmhú;<br>- gníomhartha dlíthiúla a dhréachtú (gníomhartha cur chun feidhme), doiciméid arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht i gcoinne srianta dlíthiúla, teicniúla agus buiséadacha a sheiceáil agus a cheartú;<br>- cur le gníomhaíochtaí pleanála na Gníomhaireachta (Doiciméad Clársceidealaithe), lena n-áirítear a gcomhsheasmhacht le tosaíochtaí beartais agus comhlíonadh shainordú na gníomhaireachta;<br>- i gcás inarb ábhartha, fóraim éagsúla (rialachas nó teicniúil) na Gníomhaireachta a leanúint agus páirt a ghlacadh iontu agus seasamh an Choimisiúin a chur i láthair. |
| Foireann sheachtrach | |

52 Fo-uasteorainn le haghaidh na foirne seachtraí arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

*3.2.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Blianta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ maidir le hacmhainní dílse

– ☐ maidir le hioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin le do thoil☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[53] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[53] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 20 % de na costais bhailiúcháin a bhaint.